Cumhdach Daoine i bPoblacht na hÉireann
Beartas agus Nósanna Imeachta

Tá Uiscebhealaí Éireann go hiomlán tiomanta don chumhdach ar shláinte agus ar fholláine na bpáistí agus na ndaoine a mbíonn muid i dteagmháil leo trínár gcuid oibre.

Ní ghlacfaidh Uiscebhealaí Éireann le haon drochíde ná díobháil is cuma cén áit a dtarlaíonn sé nó cén duine atá i gceist. Tá an t-eagras tiomanta do chur chun cinn atmaisféar ina mbíonn cuimsiú, follasacht agus oscailteacht agus cuireann sé fáilte roimh aiseolas ó na daoine a úsáideann ár seirbhísí, saoráidí agus ár bhfoireann ionas go dtig linn amharc ar an dóigh lenár seirbhísí agus gníomhaíochtaí a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Leagan 1, Samhain 2022

CLÁR NA nÁBHAR

Ráiteas um Chumhdach	3
Sainmhínithe ar an Chumhdach	7
Oiliúint ar Chumhdach & Maoirseacht na Foirne	8
Measúnú agus Bainistiú ar na Rioscaí Cumhdaigh	8
An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe	9
Aithint na gCeisteanna Cumhdaigh	11
Freagairt ar na Ceisteanna Cumhdaigh	12
Taifid a Choinneáil agus Bainistiú Faisnéise	16
Tuairisciú ar Cheisteanna Cumhdaithe	18
Cinntí ar Ghearáin	22
Cóid Iompraíochta i dtaca le Cumhdach	24
Treorlínte i dtaca le Cumhdach	27

Aguisíní

1. Comhthéacs an Dlí agus an Bheartais
2. Catagóirí Drochíde
3. Foirm Thuairisce ar Theagmhas
4. Measúnuithe Riosca ar Shláinte is Sábháilteacht
5. Treoir ar an dóigh le Measúnuithe Cuí Riosca a dhéanamh
6. Teimpléad le haghaigh Measúnú Riosca ar Chumhdach
7. Foirm Thoilithe i dtaca le Grianghrafadóireacht agus Scannánú
8. Teagmhálacha úsáideacha

RÁITEAS UM CHUMHDACH

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do chumhdach ar fholláine gach duine a mbíonn muid i dteagmháil leis, trínár n-oibríochtaí gnó. Tá muid ag iarraidh go mbainfidh páistí agus daoine fásta leochaileacha úsáid agus sult as na saoráidí agus seirbhísí a chuireann an t-eagras ar fáil, ar dhóigh atá sábháilte agus gan aon bhagairt díobhála.

Níl freagracht dhíreach ar Uiscebhealaí Éireann as cúram ná oideachas na bpáistí nó na ndaoine fásta mar chuid dár ngnáthghnó; ach bíodh sin mar atá, as siocair chineál ár gcuid oibre is cinnte go dtagann ár bhfoireann i dteagmhail leis na grúpaí seo ó am go chéile.

Tá sé riachtanach go bhfuil tuiscint ag an fhoireann ar fad ar na ceisteanna a bhaineann le cumhdach agus go bhfuil feasacht acu ar na creatlacha reachtacha a thugann aghaidh ar na ceisteanna sin. Is é is aidhm don bheartas seo tacú leis sin agus treoir a thabhairt ar an dea-chleachtas le bheith ag plé leis na grúpaí seo trínár nósanna imeachta.

Léirítear i mbeartas an eagrais agus sna nósanna imeachta a bhaineann leis, ár gcaidreamh le páistí agus le daoine fásta i ról cúramóra nó 'caomhnóra' ar leibhéal ard. Bíonn a leithéid de ghrúpaí a úsáideann ár saoráidí le haghaidh turais scoile, siúlóidí urraithe, raonta nádúir srl, de ghnáth faoi chúram 'duine freagrach' atá tiomnaithe ina leith sin, amhail múinteoir nó oibrí óige. Is é an phríomhfhreagracht atá ag an 'duine fhreagrach', ná cumhdach na bpáistí agus na ndaoine fásta atá faoina chúram.

Tá súil ag Uiscebhealaí Éireann go mbeidh gach teagmháil idir ár bhfoireann agus na páistí is daoine fásta déanta de réir threoir na bprionsabal dea-chleachtais atá ar fáil sa Bheartas agus Nósanna Imeachta de chuid Uiscebhealaí Éireann le haghaidh Cumhdach Daoine i bPoblacht na hÉireann.

Ach an fhoireann cloí leo, beidh feidhm ag an bheartas agus na nósanna imeachta mar chosaint orthu ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith amhrasach.

Tá ár Ráiteas um Chumhdach curtha i dtoll a chéile againn ar aon dul leis na ceanglais reachtaíochta agus le *Children First:* National Guidance, *Children Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice* le Tusla agus *Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse National Policy & Procedures (2014)* leis an FSS

Istigh inár mBeartas Cumhdaigh, tá:

nósanna imeachta le haghaidh bainistiú líomhaintí ar dhrochíde nó ar mhí-iompair foirne i gcoinne páiste, duine óg, nó duine fásta a bhaineann úsáid as ár seirbhísí;

- nósanna imeachta le haghaidh bainistiú líomhaintí ar dhrochíde nó ar mhí-iompair foirne i gcoinne páiste, duine óg, nó duine fásta a bhaineann úsáid as ár seirbhísí;
- nósanna imeachta le haghaidh earcaíocht shábháilte ar bhaill foirne le hobair le páistí, daoine óga, nó daone fásta leochaileacha;
- sceideal oiliúna ina leagtar amach rochtain ar oiliúint is eolas ar chumhdach; ina measc sin aithint ar an tarlú díobhála;
- nósanna imeachta le haghaidh tuairisciú ar bhuarthaí cumhdaigh do na húdaráis reachtúla.

Beidh na beartais agus na nósanna imeachta seo ina gcuidiú linn oibriú lenár bhfoireann leis na híoschaighdeáin chumhdaigh atá comhaontaithe agus comhsheasmhach a bhunú agus a chur i bhfeidhm agus lenár n-ionchais a leagan amach i dtaca leis na daoine aonair agus na heagrais a dtugaimid cistiú dóibh agus a chuireann seirbhísí ar fáil do pháistí, do dhaoine óga, nó do dhaoine fásta leochaileacha,

ionas go dtig linn tabhairt faoi cheanglais chumhdaigh go héifeachtach. Beidh na heagrais chistithe faoi réir chomhlíonadh na nósanna imeachta mar atá leagtha amach ina dtairiscint chistiúcháin.

Is é a chreideann Uiscebhealaí Éireann go mbaineann an fhreagracht i dtaca le Cumhdach le gach aon duine. Is ceart bunúsach ag gach aon duine é beatha saor ó dhíobháil is drochíde a bheith acu. Tá ról le himirt ag gach aon duine a bhíonn i dteagmháil le páistí, lena dteaghlaigh agus/nó le daoine fásta leochaileacha. Is é an dóigh is fearr na daoine is leochailí a chosaint ná na gairmithe a bheith soiléir faoi cad é is gá do gach duine acu a dhéanamh mar dhuine, agus an dóigh ar gá dóibh comhoibriú lena chéile.

Tá beartais agus nósanna imeachta curtha i dtoll a chéile ag Uiscebhealaí Éireann agus cuirfidh muid i bhfeidhm iad le cinntiú go mbeidh a fhios ag gach duine cén fhreagracht atá orthu i dtaca leis an 'Dualgas Cúraim' atá orthu ó thaobh páistí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha de, agus go nglacann siad léi mar fhreagracht. Féachfaidh muid lena chinntiú go reáchtálfar ár seirbhísí agus gníomhaíochtaí i dtimpeallacht ina bhfuil páistí, daoine óga agus daoine fásta ar fad sábhailte ó aon fhéidearthacht drochíde i gcruth ar bith.

Baineann an beartas seo leis na baill foirne go léir in Uiscebhealaí Éireann.

Ní mór do bhaill foirne a bheith ar an eolas faoina ról agus a bhfreagracht as tabhairt faoin chumhdach de réir an dea-chleachtais. Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann an oiliúint chuí ar fáil chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna drochíde agus le baill foirne a chur ar an eolas ar an bheartas, na nósanna imeachta agus na treoirlínte maidir le cumhdach.

Feidhmítear an beartas seo in éineacht le beartais agus nósanna imeachta eile de chuid an eagrais, lena n-áirítear:

- earcaíocht agus roghnúchán;
- sláinte agus sábháilteacht;
- comhdheiseanna;
- oiliúint;
- sceithireacht;
- araíonacht, casaoid agus achomhairc, srl.

Tiocfaidh beartais uile an eagrais go maith leis an bheartas cumhdaigh seo. Cinnteofar leis an chur chuige iomlánaíoch seo gur eagras é atá slán sláintiúil don fhoireann, agus do na páistí, na daoine óga agus na daoine fásta leochaileacha a úsáideann saoráidí de chuid Uiscebhealaí Éireann.

Cuirfear gach aon duine atá gníomhach le hUiscebhealaí Éireann ar an eolas faoin bheartas agus faoi na nósanna imeachta cumhdaigh a cuireadh i bhfeidhm leis an chosaint is fearr a thabhairt do pháistí, daoine óga, agus daoine fásta. Bainfear é seo amach trí scaipeadh an bheartais, oiliúint, agus múscailt feasachta.

Is gá gach teagmhas nó buairt a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Beidh an ráiteas um an bheartas le haghaidh cumhdaigh ar taispeáint go feiceálach in oifigí agus in ionaid, agus chomh maith leis sin, ar na rannáin ábhartha ar ár suíomh gréasáin. Déantar athbhreithniú inmheánach air in aghaidh na bliana agus déantar athbhreithniú seachtrach air gach trí bliana. Déantar leasuithe i gcomhréir le haon leasuithe a dhéantar sa reachtaíocht agus sna treoirlínte cleachtais.

Seo thíos na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe in Uiscebhealaí Éireann:

Oifigeach Cumhdaigh Ainmnithe:	**Francie Gallagher**	francie.gallagher@waterwaysireland.org	028 66 346210 (TÉ) nó 048 66 346210 (Éire)
Oifigeach Cumhdaigh Ainmnithe:	**Jean Errity**	jean.errity@waterwaysireland.org	044 93 74940 (Éire) nó 00353 44 93 74940 (TÉ)
Leas-Oifigeach Cumhdaigh Ainmnithe:	**Cormac McCarthy**	cormac.mccarthy@waterwaysireland.org	061 92 2149 (Éire) nó 00353 61 92 2149 (TÉ)

Na haidhmeanna atá leis an Bheartas agus leis na Nósanna Imeachta Cumhdaigh

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do chleachtas a chosnaíonn páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha ó dhíobháil agus drochíde agus is é an aidhm atá againn timpeallacht a chruthú agus ina gcuirtear a sábháilteacht chun cinn. Tugann Uiscebhealaí Éireann tacaíocht do chur chuige neamhfhulaingt maidir le drochíde agus díobháil de chineál ar bith, agus féachfaidh muid le cumhdach a thabhairt do pháistí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha.

Is iad na rudaí seo a leanas na haidhmeanna atá leis na beartais agus na nósanna imeachta:

- an gealltanas atá ag Uiscebhealaí Éireann a léiriú maidir le heagras a chruthú agus a choinneáil agus a chosnaíonn páistí, daoine óga agus daoine fásta ó dhíobháil, agus a chosnaíonn an fhoireann agus an eagras féin ó líomhaintí féideartha;
- a chinntiú go bhfuil ár mbaill foirne roghnaithe agus profa trí nósanna imeachta láidre a leagan síos ó thaobh earcaíochta agus roghnúcháin na mball foirne uile de, i gcomhréir leis na ceanglais reachtacha;
- a chinntiú go bhfuil ár mbaill foirne ar an eolas faoinár gcaighdeáin chumhdaigh;
- na rioscaí cumhdaigh a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí a bhainistiú;
- nósanna imeachta a chur ar fáil le haghaigh maoirseacht iomchuí ábhartha, agus ceapachán na nDaoine Idirchaidrimh Ainmnithe san áireamh leis sin;
- treoirlínte a chur ar fáil ar an oiliúint chuí ar chumhdach don fhoireann ionas go mbeidh siad in ann drochíde a aithint agus freagairt a thabhairt uirthi;
- caighdeáin a shocrú le haghaidh bhainistiú na dtaifead, na rúndachta, agus roinnt an eolais ar chumhdach agus ar dhea-chleachtas, leis an fhoireann, páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha agus le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí mar is cuí;
- treoir a chur ar fáil ar an dóigh ar ceart do bhaill foirne freagra a thabhairt ar nochtaí faisnéise;
- nósanna imeachta agus treoir atá soiléir a chur ar fáil ar an dóigh ar gá do bhaill foirne dul i ngleic le haon teagmhais nó imní chumhdaigh;
- nósanna imeachta tuairisce atá soiléir a chur ar fáil i gcás ina ndéantar drochíde amhrasta nó iarbhír ar pháiste/dhuine óg agus/nó ar dhuine fásta;
- a chinntiú go mbeidh gníomh cuí i gcónaí déanta i gcás teagmhais chumhdaigh, ar aon dul leis an dea-chleachtas;
- cód iompraíochta atá soiléir a chur ar fáil agus ar gá do gach ball foirne a nglacadh leis, ar bharr na gcód iompraíochta le haghaidh páistí, daoine óga, úsáideoirí seirbhísí atá fásta, agus le haghaidh tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí;
- nós imeachta a chur ar fáil le plé le tuairimí agus gearáin;
- an tsábháilteacht ghinearálta agus an bainistiú éifeachtach a chinntiú i dtaca le gníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann.

SAINMHÍNITHE AR AN CHUMHDACH

Is **páiste** nó **leanbh** é duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta (Alt 2 de *An tAcht um Chúram Leanaí, 1991; An Bille um Thús Áite do Leanaí 2014; Children First: An Chéad Treoir Náisiúnta le haghaidh Cosaint agus Leas Leanaí 2011)*.

Is **duine fásta** é duine ar bith atá 18 mbliana d'aois nó níos sine de réir an tsainmhínithe in *An tAcht um Lán-Aois, 1985*

Cumhdach agus Cosaint Páistí: Tagraíonn cumhdach don chosaint ar pháistí agus daoine óga ó dhrochíde agus faillí, agus do chruthú timpeallachta atá sábháilte cuimsitheach ina bhfuil a bhfolláine curtha chun cinn go gníomhach. Úsáidtear an téarma "Cumhdach" níos annaimh i bPoblacht na hÉireann, agus tagraíonn na comhlachtaí reachtacha go fóill do "chosaint" páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha. Chun críocha an bheartais seo, beidh an téarma "cumhdach" curtha i gcodarsnacht an téarma "cosaint páiste", mar cuimsíonn an doiciméad páistí, daoine óga agus/nó daoine leochaileacha.

Is é is **Cumhdach Daoine Fásta** ann ná cosaint a thabhairt do cheart an duine le bheith beo go slán, saor ó dhrochíde agus ó fhaillí. Ní mór dó a bheith bunaithe ar chumasú: ar éisteacht lena bhfuil le rá ag na daoine aonair atá i mbaol, agus acu siúd a rinneadh díobháil orthu.

An Roinn Coimirce Sóisialaí: Aosaigh Leochaileacha a Chumhdach 2017

Daoine Fásta Leochaileach: Is iad na daoine fásta a d'fhéadfadh a bheith leochaileach, ná iad siúd a d'fhéadfadh a bheith srianta ina gcumas iad féin a choimeád slán in aghaidh díobhála nó dúshaothraithe, b'fhéidir mar gheall ar thinneas, néaltrú, fadhbanna meabharshláinte, míchumas colanda nó míchumas intleachtach.

An Roinn Coimirce Sóisialaí: Aosaigh Leochaileacha a Chumhdach 2017

Nuair a mheastar duine mar 'dhuine fásta leochaileach', tá sé tábhachtach chomh maith smaoineamh ar na tosca ar féidir leo leochaileach an duine a mhéadú (m.sh. aonrú sóisialta agus mothúcháin, mí-úsáid substaintí, foréigean, dúshaothrú, athruithe sna dálaí teaghlaigh/airgeadais srl.)

Is cóir an toimhde a bheith ann go bhfuil cumas cinnteoireachta ag an duine ach amháin má tá fianaise den mhalairt ann agus tá sé de cheart ag an duine sin cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith éigríonna i dtuairimí daoine eile. Ní mór urraim a bheith ar fhéinriail an duine, a mhéid agus is féidir.

Féadann sé go n-aithnítear nó go n-aithníonn an duine **a bhfuil lagú air nó atá faoi mhíchumas** é féin, gur duine leochaileach é; nó féadann sé nach n-aithníonn sé féin nó nach n-aithnítear é sin.

OILIÚINT AR CHUMHDACH & MAOIRSEACHT NA FOIRNE

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do sheisiúin feasachta ar Chumhdach nó an leibhéal ábhartha oiliúna a chur ar fáil don fhoireann ar fad. Beidh Oiliúint Athnuachana curtha ar fáil ar eatraimh cothroma.

Ar bharr oiliúna ar chumhdach, cuirfidh Uiscebhealaí Éireann ar fáil:

- oiliúint ionduchtaithe le baill foirne a chur ar an eolas faoin timpeallacht oibre in Uiscebhealaí Éireann, agus faoi ionchais agus riachtanais an phoist, lena n-áirítear comhlíonadh na mbeartas reatha ar fad;
- cóip de na Beartais agus Nósanna Imeachta le haghaidh Cumhdach Daoine mar atá siad leagtha amach ar an Inlíon;
- féadann sé go mbíonn oiliúint ar scileanna ar leith de dhíth le baill foirne a chumasú leis na ceanglais riachtanacha a dhéanamh ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, mar shampla, oiliúint ar Gharchabhair, nósanna imeachta maidir le dóiteán.

Beidh an fhreagracht ar gach bainisteoir agus ar lucht na nAcmhainní Daonna le cinntiú go bhfuil an fhoireann curtha ar an eolas faoin Bheartas agus Nósanna Imeachta le haghaidh Cumhdach Daoine atá ag Uiscebhealaí Éireann, agus go gcuireann siad i bhfeidhm iad mar is cuí do na rólanna fostaíochta de réir an chórais agus na dtreoirlínte atá san eagrais.

MEASÚNÚ AGUS BAINISTIÚ AR NA RIOSCAÍ CUMHDAIGH

Is cuid lárnach den straitéis bainistíochta riosca atá ag Uiscebhealaí Éireann iad an measúnú agus an bainistiú ar na rioscaí cumhdaigh do pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta. Is é an aidhm atá ann na rioscaí cumhdaigh a mheasúnú agus a bhainistiú le dóchúlacht na rioscaí, nó an tionchar acu, a laghdú oiread agus is féidir. Baineann sé seo le gach gníomhaíocht san eagras. Tá “neamhfhulaignt” i leith drochíde ann, is cuma cén áit a dtarlaíonn sí nó cén duine is cúis léi.

Is é atá i gceist leis an phróiseas measúnaithe riosca ar chumhdach, ná:

- na rioscaí a aithint; agus
- leibhéal an riosca a thomhas trína thionchar féideartha agus dóchúlacht a tharlaithe a mheas.

Tá cóip dár dteimpléad le haghaidh measúnú riosca le fáil in Aguisín 6.
Is é d’aidhm ag Uiscebhealaí Éireann, an dóchúlacht agus an tionchar drochíde a laghdú trí:

- beartas le haghaidh earcaíocht shlán a chur i bhfeidhm le cosc a chur ar dhaoine atá mí-oiriúnach a theacht isteach chuig Uiscebhealaí Éireann;
- oiliúint feasachta a chur ar bhaill foirne maidir le táscairí leochaileachta agus riosca agus maidir le comharthaí féideartha na drochíde agus é a chur ar a gcumas acu an dóigh le freagra luath a thabhairt ar aon bhuarthaí faoi dhrochíde atá iarmhír, líomhnaithe nó amhrastach;
- cinntiú a dhéanamh de go bhfuil an t-ionduchtú, an oiliúint, an tacaíocht agus an mhaoirseacht tugtha mar is ceart don fhoireann le linn a dtréimhse oibre le hUiscebhealaí Éireann;
- cód iompraíochta don fhoireann a chruthú ina leagtar amach cad é a chuimsítear faoi na hiompraíochtaí atá inghlactha agus an dea-chleachtas;

- beartas láidir le haghaidh sceithireachta a bheith ann le cultúr a chur chun cinn ina bhfuil cuimsiú, follasacht agus oscailteacht ar fud an eagrais agus a chuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí;
- nósanna imeachta atá soiléir a bheith ann le tuairisciú ar bhuarthaí/theaghmais chumhdaigh le tacú le baill foirne nuair a cheistíonn siad droch-chleachtais nó nuair a bhíonn buarthaí orthu nó nuair a fhaigheann siad nochtaí faisnéise;
- an fhoireann a chur ar an eolas faoi rúndacht agus cosaint sonraí agus go háirithe faoin dóigh ar cóir aon eolas ar theagmhais/buarthaí cumhdaigh a bhainistiú;
- cleachtas agus bainisteoireacht mhaith ar an eagrais ar an iomlán, agus tacaíocht orthu sin trí réimse beartas agus nósanna imeachta san eagras.

AN DUINE IDIRCHAIDRIMH AINMNITHE

Tá freagracht ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus ar an leas-oifigeach in Uiscebhealaí Éireann a bheith mar fhoinse comhairle agus tacaíochta i dtaca le: cúrsaí cumhdaigh, comhordú gnímh ar chumhdach san eagras, agus idirchaidreamh leis na húdaráis reachtúla faoi aon chás drochíde, bíodh an drochíde iarbhír nó amhrastach, ar pháiste, ar dhuine óg nó ar dhuine fásta.

Cuirfear an fhoireann ar an eolas gurb iad na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe na daoine a n-ardaítear aon bhuarthaí cumhdaigh leo. Beidh ainmneacha na nDaoine Idirchaidrimh Ainmnithe ar taispeáint mar chuid den ráiteas um chumhdach in oifigí agus in ionaid, chomh maith le rannáin ábhartha ar an tsuíomh gréasáin de gach gníomhaireacht, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus páistí, daoine óga, agus/nó úsáideoirí seirbhísí atá fásta a chur ar an eolas faoi na daoine a gcuirfidh na baill foirne na ceisteanna cumhdaigh anonn chucu de réir an nóis imeachta tuairisce.

Dualgais agus freagrachtaí

Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe:

- comhoibriú leis an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí le rioscaí agus gníomh cumhdaigh a choimeád, a mheasúnú agus a bhainistiú;
- an Bhainistíocht Shinsearaí a choinneáil ar an eolas faoi aon ghníomh déanta;
- eolas agus comhairle a chur ar fáil ar cheisteanna cumhdaigh ar son na foirne ar fad;
- féachaint le cinntiú go bhfuil an beartas agus na nósanna imeachta le haghaidh cumhdaigh in Uiscebhealaí Éireann á leanúint agus á gcoinneáil uasdátaithe i gcomhréir na reachtaíochta reatha agus an dea-chleachtais;
- tabhairt faoi oiliúint le cinntiú go bhfuil siad eolach faoi cheisteanna cumhdaigh agus an oiliúint seo a athnuachan gach trí bliana le coinneáil cothrom-le-dáta ar an dea-chleachtas agus ar an reachtaíocht reatha;
- comhairle a thabhairt agus oiliúint a chomhordú i dtaca le cúrsaí cumhdaigh;
- féachaint le go mbeidh teacht orthu agus le go mbeidh siad ar fáil i rith an ama, ach ní ceart go gcuirfeadh sé sin cosc ar an fhoireann aon ghníomhartha a dhéanamh i gcás éigeandála;
- glacadh le haon nochtaí faisnéise a dhéanann páiste, duine óg nó duine fásta le ball foirne, agus taifead a déanamh de;
- glacadh le haon bhuarthaí agus/nó líomhaintí ó pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta, agus taifead a déanamh de;
- daoine a threorú chuig na húdaráis nó na seirbhísí cuí, más amhlaidh atá buarthaí cumhdaigh acu nach mbaineann leis an ghníomhaireacht;
- aontú ar fhoirmeacha tuairisce ar theagmhas;
- tuairiscí do na seirbhísí reachtúla, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas cuí ar fáil ag am an

atreoraithe agus go bhfuil an t-atreorú dearbhaithe i scríbhinn, ar dhóigh faoi rún;
- gníomhú mar phointe teagmhála leis na gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla;
- cinnte a dhéanamh de go mbeidh na taifid aonair cáis á gcoinneáil ar aon ghníomh glactha;
- taifid ar theagmhais agus ar thuairiscí a choinneáil, mar aon le haon eolas ábhartha eile;

Má bhíonn buairt chumhdaigh i gceist ó thaobh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe féin de, iarrtar ort é sin a thuairisciú don Ceannasaí AD.

AITHINT AR CHEISTEANNA CUMHDAIGH

Níl sé furasta an drochíde a aithint. Níl sé i gcónaí simplí drochíde a aithint agus féadann sé go mbíonn níos mó ná cineál amháin díobhála nó díobhála suntasaí á imirt ar dhuine.

Is é is **buairt** ann ná mothúchán imní faoi iompraíocht nó cleachtas duine a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha taobh thiar d'fhadhbanna cumhdaigh.

Is é is **teagmhas** cumhdaigh ann ná nuair a tharlaíonn gníomh drochíde, iompraíocht mhíchuí, nó droch-chleachtas agus sin tugtha faoi deara ag duine éigin.

Is é is **líomhain** ann ná maíomh nó dearbhú go ndearna duine éigin gníomh nó gníomhartha drochíde.

Is **nochtadh faisnéise** é nuair a insíonn páiste, duine óg agus/nó duine fásta faoi dhrochíde. Féadann sé go luaitear drochídeoir atá 'ainmnithe' sa líomhain, nó féadann sé nach luaitear.

Níl an fhreagracht orainn in Uiscebhealaí Éireann cinneadh a dhéanamh cé acu ar tharla an drochíde nó nár tharla, nó má tá páiste nó duine óg nó duine fásta faoi riosca suntasach díobhála ó dhuine éigin.

Tá freagracht agus dualgas orainn, áfach, **gníomhú**: Is cóir do bhaill foirne aon bhuarthaí nó teagmhais chumhdaigh a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ionas go bhféadann na húdaráis chuí fiosrú, agus aon ghníomh is gá dóibh a ghlacadh leis an pháiste, an duine óg nó an duine fásta a chosaint.

Tá bealaí éagsúla inarbh fhéidir thú a bheith curtha san airdeall go bhfuil duine ag fulaingt díobhála:

- is féidir go n-inseoidh siad duit;
- is féidir go n-inseoidh duine éigin duit faoina mbuarthaí nó faoi rud éigin a chuireann buairt ort;
- is féidir roinnt comharthaí de ghortú colanda a bheith le feiceáil air agus gan an léiriú ann go bhfuil míniú sásúil nó intuigthe faoina gcoinne;
- is féidir tuairim a bheith agat go ndearnadh drochíde nó faillí orthu mar gheall ar na gothaí / an iompraíocht atá acu;
- cuireann iompraíocht an duine atá bainte leo míshuaimhneas ort (d'fhéadfadh baill foirne eile, lucht a gcomhaoise nó baill teaghlaigh a bheith i gceist);

Is cóir go bhfuil gach ball foirne in ann a aithint na comharthaí siúd a léiríonn gur féidir gurb é an cás é go bhfuil folláine nó sábháilteacht duine i mbaol, agus is cóir dó gníomhú dá bharr.

Cérbh é an drochídeoir? **Is féidir duine ar bith a bheith ina dhrochídeoir.**

Cén áit a d'fhéadfadh an drochíde tarlú? **Is féidir go dtarlóidh drochíde in aon áit ar bith.**

Ní cóir aon duine ar bith a mheas 'taobh amuigh den amhras' maidir le déanamh drochíde.

Má fheiceann ball foirne aon iompraíocht ar údar buartha é nó ar droch-chleachtas é, is gá dó é seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Is féidir gur mian le baill foirne urraim a thabhairt don neamhspleáchas/phríobháideachas agus gan a bheith cunórach, ach tá sé tábhachtach a mheabhrú go dtarlaíonn drochíde agus díobháil chomh minic céanna as siocair na faillí agus na heaspa cosanta agus mar a tharlaíonn leis na gníomhartha drochíde féin.

FREAGAIRT AR NA CEISTEANNA CUMHDAIGH

Líomhaintí in éadan na foirne

Má dhéantar líomhain chumhdaigh in éadan duine de na baill foirne, is ceart í seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, i gcomhréir leis an nós imeachta tuairisce. Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe teagmháil leis an Phríomhfheidhmeannach agus le lucht na nAcmhainní Daonna.

Más amhlaidh atá an líomhain in éadan an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe féin nó é bainteach leis an chás, is ceart tuairisc a dhéanamh don Cheannasaí AD.

Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe breithmheas ar an líomhain agus déanfaidh sé amach má thagann an líomhain leis an tairseach le haghaidh atreorú seachtrach chuig Tusla nó chuig na Gardaí. Mura bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cinnte má thagann an líomhain leis an tairseach le haghaidh atreorú seachtrach, is ceart dó comhairle a lorg ón ghníomhaireacht chuí.

Is féidir fionraí shealadach a mheas don bhall foirne (nó an duine sin a aistriú go dualgais eile) a fhad is a dhéanann na húdaráis reachtúla aon fhiosrúchán.

Más ionann na líomhaintí agus gníomh (nó gníomhartha) ar féidir gur mí-iompar tromchúiseach iad, cuirfidh Uiscebhealaí Éireann tús leis na nósanna imeachta smachta go hinmheánach.

Buarthaí maidir le gan cloí leis na Beartais agus Nósanna Imeachta Cumhdaigh

Má tá buarthaí ag baill foirne in Uiscebhealaí Éireann faoi chomhghleacaí nach gcomhlíonann na ceanglais inár mBeartas agus Nósanna Imeachta le haghaidh Cumhdaigh, sa chéad dul síos, is ceart don líne bainisteoir agus/nó ionadaí ó Acmhainní Daonna a chur i gcuimhne don chomhghleacaí sin an tábhacht leis an chloí lenár mbeartais, nósanna imeachta agus dea-chleachtas.

Má tá buarthaí ag an bhall foirne go fóill, is ceart iad seo a ghlacadh go dtí an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe teagmháil le líne bainisteoir an duine agus féadfaidh sé an cás a atreorú chuig lucht na nAcmhainní Daonna más gá.

Ag tabhairt faoi Nochtaí Faisnéise agus Buarthaí

Labhróidh páistí, daoine óga agus daoine fásta faoina mbuarthaí agus a bhfadhbanna le daoine a bhfuil iontaoibh acu iontu; ní féidir a rá gur ionann na daoine sin agus baill foirne shinsearacha i gcónaí. Bíodh sin mar atá, caithfidh muid a bheith san airdeall agus gan a bheith ag dréim le marthanóirí drochíde a bheith ag caint fúithi, mar dhrochíde. In amanna, léireoidh siad comharthaí/iompraíocht a thabharfaidh le fios go bhfuil drochíde á déanamh orthu. Má léiríonn, tá sé tábhachtach é sin a nótáil, agus fiosrú má tá rud éigin ba mhaith leis an pháiste/duine óg nó an duine fásta a roinnt leat. Má thagann duine chugat a shíleann tú atá ag iarraidh a insint duit faoi dhrochíde a d'fhulaing siad, is cóir duit éisteacht go dearfach agus na nósanna imeachta le haghaidh tuairisciú ar bhuarthaí cumhdaigh a leanúint, ach tá roinnt breathnuithe breise is cóir duit a ghlacadh:

- **Déan cinnte de faoi shábháilteacht láithreach** an duine. Má tá gá le cuidiú práinneach leighis/cuidiú ó na Gardaí, cuir glaoch ar na seirbhísí éigeandála.
- **Coinnigh socair agus tabhair cluas ghéar éisteachta:** Ná léirigh do thuairimí féin ar chúrsaí. Má bhíonn freagairt uait a léiríonn geit nó díchreideamh, d'fhéadfadh an duine 'druidim síos', tarraingt siar nó scor den chaint mar iarracht aige fanacht socair.
- **Léirigh aird ar an scéal agus tabhair aitheantas don rud atá ráite**; Tá a scéal inste duit aige as siocair go bhfuil sé ag iarraidh cuidiú agus go bhfuil an muinín aige gur tú an duine a chreidfidh ann agus a chuideoidh leis.

- **Inis dó nach airsean atá aon locht.** Ní luíonn locht na drochíde leis an duine féin agus caithfidh sé a bheith ar an eolas faoi sin.
- **Inis don duine go ndearna sé an rud ceart insint duit**; Aon duine atá ag coinneáil na drochíde faoi rún is féidir tionchar mór a bheith air má chuirtear suaimhneas air.

Is féidir é a bheith iontach deacair do dhuine an drochíde a nochtadh. Go minic, bíonn eagla ar dhuine go mbeidh drochthorthaí de thairbhe an nochta. Cuireann roinnt daoine moill ar insint do dhuine éigin le tamall fada, agus tá daoine eile ann nach n-inseoidh go deo, fiú más mian leo. Is mór le daoine nuair a chreidtear iad agus tá sé riachtanach go ngníomhaíonn tú ar an rud a insíodh duit.

- **Abair leis go gcreideann tú é.** B'fhéidir go gcoinneoidh duine an drochíde faoi rún má tá eagla air nach gcreidfear é. D'inis sé duit mar tá cuidiú uaidh agus tá muinín aige gur tú an duine a chreidfeadh ann agus a chuideodh leis.
- **Ná labhair leis an drochídeoir líomhnaithe.** Má thugann tú aghaidh ar an drochídeoir líomhnaithe faoina bhfuil inste duit, d'fhéadfadh sé sin cúrsaí a dhéanamh níos measa don duine;
- **Mínigh cad é an chéad rud eile a dhéanfaidh tú.** Mínigh don duine ar dhóigh atá fóirsteanach dá aois go mbeidh ort tuairisc ar an drochíde a dhéanamh do dhuine eile a bheidh in ann cuidiú.

Nuair a ghlactar nochtadh faisnéise ó dhuine fásta tá sé tábhachtach a bheith oscailte agus follasach faoi na céimeanna a bheidh ort a ghlacadh i ndiaidh an nochta faisnéise. Cuimhnigh cumas an duine a mheas.

Ag brath ar na cúinsí ar leith atá i gceist, m.sh. aois an duine, leibhéal tuisceana, is féidir go mbeidh gá le hionadaí a bheith i láthair go mbeidh tú in ann guth an duine fhásta a chluinstin níos éifeachtaí. D'fhéadfadh an ceannaire ar ghrúpa an duine, cúramóir nó tuismitheoir a bheith i gceist, ach ab é gurb é féin an duine faoi chaibidil. Mura bhfuil an duine maoirseachta ar fáil, is féidir ball foirne eile (an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, más féidir) a fháil le cuidiú le hionadaíocht a dhéanamh ar ghuth an duine fhásta más gá.

- **Inis don duine go gcreidfear san eolas a tugadh** agus tabhair mionsonraí ar cad é an chéad chéim eile, ina measc sin teorannacha agus críocha na rúndachta;
- **Mínigh dó go bhfuil an dualgas ort do bhuairt a roinnt** le do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe ach ab é go méadódh sé sin an riosca don duine – .i. gur cúis na líomhaintí é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Sa chás seo, is cóir dul i dteagmháil leis an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.
- **Chuir an duine ar a shuaimhneas go gcoinneofar páirteach ag gach aon chéim é**; mínigh go mbeidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ag lorg toil an duine sula gcuirfear aon atreorú chuig gníomhaireachtaí seachtracha.
- **Má shíleann tú gur tharla coir**, bí ar an eolas go bhfhéadfadh gá a bheith le fianaise leighis agus le fianaise fhóiréinseach. Meas an gá le hatreorú tráthúil chuig an tseirbhís póilíneachta agus déan cinnte nach ndéanfaidh tú rud ar bith lena héilliú.
- **Comhlánaigh foirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh** chomh luath agus is féidir agus déan tuairisc láithreach chuig an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Is cuma má fhaigheann tú nochtadh faisnéise ó pháiste, duine óg nó duine fásta, **NÁ DÉAN NA NITHE SEO A LEANAS**:

- Scor a chur de dhuine faisnéis a nochtadh duit;
- Gealltanais a thabhairt faoin todhchaí;
- Gealltanas a thabhairt rúin a choinneáil;
- An duine líomhnaithe i leith coire a cháineadh;
- Úsáid a bhaint as treoircheisteanna nó focail a chur i mbéal duine;
- Brú a chur ar an duine tuilleadh mionsonraí a thabhairt nó iarraidh air an scéal a athrá gan ghá;

- Béadán a dhéanamh faoin nochtadh faisnéise nó eolas a chur anonn chuig duine eile nach bhfuil gá dlisteanach aige air;
- Teagmháil a dhéanamh leis an duine atá líomhnaithe i leith na díobhála;
- Féachaint le cúrsaí a fhiosrú tú féin;
- Mionsonraí a bhaineann le do bhuarthaí a fhágáil ar ghlórphost nó ar ríomhphost.

Ná bíodh moill ort tuairisciú ar an drochíde. Dá luaithe a dhéantar an tuairisciú ar an drochíde i ndiaidh an nochta faisnéise, is amhlaidh is fearr.

Déan tuairisc láithreach don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Comhlánaigh Foirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh agus cuir anonn chuig an Duine Idirchaidrimh í chomh luath agus is féidir. Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon ghníomh láithreach is gá le cinntiú, i dtaca leis an pháiste, an duine óg nó an duine fhásta leochaileach de, go mbeidh siad slán, agus déanfaidh sé cinneadh ar cá huair a bheidh sé fóirsteanach labhairt leis an duine faoi na buarthaí agus aon ghníomhartha atá beartaithe.

An dóigh le Nochtadh Faisnéise a Taifeadadh

Má nochtann duine éigin faisnéise drochíde duit nó má tá go leor comharthaí/iompraíochtaí a chuireann buairt ort tugtha faoi deara nó taifeadtha agat, is gá duit Foirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh (féach Aguisín 3) a chomhlánú agus í a thabhairt do do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe. Má tá deacrachtaí teanga nó litearthachta agat, féadann an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cuidiú leat leis an fhoirm a comhlánú, ach is gá é seo a thaifeadadh ar an fhoirm teagmhais.

Coinneoidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an Foirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh go slán agus faoi rún. Coinneofar na taifid maidir le cumhdach daoine fásta faoi “stádas cosanta” (mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht um Chosaint Sonraí) go ceann 3 bliana i ndiaidh an teagmhais/buartha agus má iarrann na Gardaí nó na húdaráis reachtúla iad, go dtí go ndearbhaíonn siad nach bhfuil an fhaisnéis de dhíth níos mó. Coinneofar na taifid a bhaineann le páistí nó daoine óga faoi “stádas cosanta” (mar atá sainmhínithe san Acht um Chosaint Sonraí) go dtí an 23ú breithlá den pháiste/duine óg, bíodh an dáta sin ar eolas nó braite.

Nuair atá tú ag glacadh taifid ar nochtadh faisnéise, is gá duit:

- nóta a dhéanamh, chomh luath agus atá sin indéanta, ar cad é a dúirt an duine sna focail a d’úsáid sé féin;
- cur síos a dhéanamh ar na dálaí faoin dóigh ar tháinig an nochta faisnéise chun tosaigh. A bheith cúramach le hidirdhealú a dhéanamh idir fíric, breathnú, líomhain agus tuairim. Tá sé tábhachtach go bhfuil an t-eolas atá agat cruinn; agus,
- bíodh sé ar d’intinn agat an gá leis an rúndacht, agus nach cóir an t-eolas seo a roinnt ach le do dhuine idirchaidrimh ainmnithe agus le daoine eile ar bhonn an riachtanais eolais.

Toiliú agus Cumas i dtaobh Daoine Fásta Leochaileacha

Tá sé tábhachtach go bhfuil an duine fásta leochaileach páirteach le linn an phróisis agus an toiliú a lorg uaidh le haghaidh aon atreoraithe chuig na húdaráis reachtúla nó na Gardaí mura bhfuil an duine fásta i ngarbhaol díobhála. Ní faoi na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe atá sé cumas na ndaoine fásta a dhéanamh amach; má tá éiginnteacht ort faoi inmhe duine fásta a thoiliú a thabhairt, is cóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann um Chumhdach agus Cosaint de chuid an FSS le haghaidh comhairle agus treorach.

Tagann dúshláin ar leith chun tosaigh sna cásanna ina bhféadfadh drochíde a bheith á himirt ar dhuine leochaileach agus nuair nár mhaith leis an duine dul i mbun na n-idirghabhálacha nó comhoibriú i dtaca leo. D’fhéadfadh seo a bheith casta, go háirithe i gcásanna sa bhaile, mar shampla. I gcás ina léiríonn an duine fásta nár mhaith leis dul i mbun idirghabhála nó

comhoibriú leis an FSS ach go bhfuil buarthaí go fóill ar an FSS, ní mór don FSS an bhuncheist faoi chumas a mheas, agus maidir leis sin de, tugtar na nithe a leanas ar aire:

- Tá an toimhde ann go bhfuil an cumas ag gach duine fásta.
- Tá sé de cheart ag duine fásta a bhfuil an cumas aige, gan dul i mbun idirghabhála leis an FSS nó le haon seirbhís eile, más sin is mian leis.
- Má tá an bhuairt ann go bhfuil an duine fásta leochaileach agus go bhféadann sé go bhfuil nó nach bhfuil
  an cumas aige cinntí a dhéanamh, féadann sé go bhfuil dualgas ar an FSS ina thaobhsan.
- Is cóir don FSS a mheas an é an chúis atá leis an neamh-comhoibriú ón duine, ná: buncheisteanna cumais,
  gur cinneadh dá chuid féin é, nó más amhlaidh a thagann sé, mar shampla, ó chomhéigean.

Ní mór cinntí ar na céimeanna cuí le déileáil lena leithéid de chásanna a dhéanamh ar bhonn cáis agus leis an chomhairle chuí ghairmiúil. Tá sé tábhachtach chomh maith na feidhmeanna agus na hionchuir ar leith a aithint ó na gníomhaireachtaí cuí, ina measc sin na Gardaí, Tusla agus na húdaráis áitiúla. Tá tábhacht ar leith bainteach le comhoibriú idirghníomhaireachta sna cásanna seo.

I gcásanna ina bhfuil an duine i ngarbhaol, is féidir nach mbeifear in ann na mianta atá aige a phlé leis agus nach mbeifear in ann an toiliú bailí a fháil. I gcásanna mar sin, is cóir don bhall foirne cibé gníomh a dhéanamh is a mhothaíonn sé atá cuí le cosaint a thabhairt don duine fhásta, agus idirghabháil leighis agus/nó idirghabháil ó na Gardaí a bheith ina measc sin.

Forais réasúnta le Drochíde Páiste a Thuairisciú

Is cóir do bhaill foirne gach bhuairt, teagmhas, nochtadh faisnéise nó líomhain a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus déanfaidh seisean an tuairisc a bhreithmheas agus déanfaidh sé cinneadh má tá na forais réasúnta ann maidir leis na buarthaí gur féidir go ndearnadh drochíde ar pháiste nó ar dhuine óg, nó go bhfuil sí á déanamh, nó go bhfuil baol drochíde nó faillí ann.

I measc na gcúiseanna réasúnta le haghaidh imní faoi chosaint nó folláine páiste, tá ná rudaí seo a leanas:

- fianaise - mar shampla, gortú nó iompraíocht - a bhfuil an chuma uirthi gurb í drochíde ba chúis léi agus nár dócha go raibh cúis ar bith eile léi;
- aon bhuairt faoi dhrochíde chollaí fhéideartha;
- comharthaí leanúnacha a léiríonn go bhfuil páiste ag fulaingt mar gheall ar fhaillí cholanda nó mhothúchánach;
- nuair a deir páiste/duine óg, nó nuair a léiríonn sé trí bhealach eile, go ndearnadh drochíde air;
- admháil nó léiriú ó dhuine fásta nó ó pháiste/dhuine óg go ndearna siad drochíde líomhnaithe;
- cuntas ó dhuine a chonaic an drochíde á déanamh ar an pháiste/dhuine óg.

Ní gá don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe a chruthú gur tharla an drochíde sula ndéanfaidh sé tuairisc ar bhuairt do Tusla. Is é a bhfuil de dhíth, ná go bhfuil forais réasúnta buartha agat.

Is féidir na prionsabail treoracha ar thuairisciú drochíde ar phaiste a achoimriú mar seo a leanas:

- Ní mór tosaíocht a dhéanamh de shábháilteacht agus d'folláine an pháiste óg thar bhuarthaí faoi dhaoine fásta a bhféadfadh líomhaintí a bheith déanta ina n-éadan;
- Is cóir tuairiscí buarthaí a dhéanamh gan mhoill do Tusla.

Má tá an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe éiginnte ar chóir leis tuairisciú do Tusla, féadann sé dul i dteagmháil le Tusla ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an bhuairt a phlé. Má tá an bhuairt thíos faoin tairseach le haghaidh tuairisciú, féadann Tusla comhairle a thabhairt i dtaca le suil a choinneáil ar an pháiste/duine óg agus i dtaca leis na seirbhisí eile a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach le freastal ar riachtanais an pháiste, duine óg agus/nó teaghlaigh.

TAIFID A CHOINNEÁIL AGUS BAINISTIÚ FAISNÉISE

Is cuid lárnach d'obair éifeachtach idir-ghníomhaireachta, idirdhisciplíneach ó thaobh an chumhdaigh de iad coinneáil taifead agus bainistiú faisnéise. Má bhíonn neamart i dtaifeadadh faisnéise, i dtuiscint ar a tábhacht, ina comhroinnt ar bhonn cuí agus tráthúil nuair a bhfuil cuspóir leis agus ansin i nglacadh an ghnímh chuí, is féidir sin bac a chur ar obair na ndaoine sin a bhfuil sé de ról acu páistí, daoine óga agus daoine fásta a choinneáil slán.

Cosaint Sonraí

Féadann sé go mbíonn an fhaisnéis a fhaigheann an t-eagras agus iad i mbun a ndualgais cosanta páistí agus chumhdaigh, a bheith ina faisnéis phearsanta faoi pháiste, duine óg nó duine fásta ar leith, agus mar sin de, bíonn sí rialaithe de réir dhualgas rúndachta an dhlí choitinn agus na reachtaíochta le haghaidh Cosaint Sonraí. I dtaca lena leithéid d'eagras nó duine a rialaíonn ábhair agus úsáid sonraí pearsanta, chun críche Cosanta Sonraí, glaoitear Rialaitheoirí Sonraí orthu.

Tá na dualgas ar na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe na taifid ar chumhdach a choinneáil go slán agus an fhaisnéis a chomhroinnt ar bhonn cuí agus tráthúil nuair a bhfuil cuspóir leis sin le Tusla, na Gardaí, agus tá an dualgas orthu tuairisciú gur tharla teagmhas nó nochtadh faisnéise a dhéanamh chuig an Phríomhfheidhmeannach nó chuig an Stiúrthóir Airgeadais & Pearsanra.

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann an gá atá le comhlíonadh na ndlíthe éagsúla a rialaíonn próiseáil na sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair, agus an gá sin i gcomhréir leis an reachtaíocht le haghaidh Cosaint Sonraí. Tá siad seo le fáil inár mBeartas le haghaidh Cosaint Sonraí. Aithníonn Uiscebhealaí Éireann an tábhacht a bhaineann leis an ionramháil cheart dhleachtach ar na sonraí pearsanta. Bíodh siad ar pháipéar, ar ríomhaire nó ar mheáin eile, beidh gach sonra pearsanta le hionramháil faoi réir na gcumhdach cuí:

- Beidh aon bhunsonra a bhailítear, m.sh. ar fhoirmeacha clárúcháin srl, coinnithe go slán taobh istigh d'fhillteáin nó de chórais chomhdúcháin.
- Ní mór aon sonra pearsanta nó rúnda a bhailítear, a choinneáil istigh i dtimpeallacht shlán agus ní ceart rochtain a bheith air ach ag pearsanra údaraithe.

Ar iarratas, inseofar do pháistí, daoine óga, daoine fásta agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí an dóigh a mbeidh an fhaisnéis in úsáid, i dtaisce agus roinnte (más cuí) sula gcuirfidh siad ar fáil í. Tá sé de cheart acu aon fhaisnéis orthu féin atá á gcoinneáil a fheiceáil.

Rúndacht & Roinnt na Faisnéise

Tá sé tábhachtach go bhfuil muinín ag gach duine atá i gceist nach mbeidh an fhaisnéis nochtaithe ach ar chúiseanna ar mhaithe leis na leasanna is fearr don pháiste, duine óg nó duine fásta.

Tá Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe ag Uiscebhealaí Éireann, a bhfuil sainoiliúint acu i réimse cumhdaigh páistí, daoine óga agus daoine fásta agus tá siad tiomanta don bhunphrionsabal rúndachta.

Sna cásanna nuair a thagann buarthaí cumhdaigh chun tosaigh, áfach, ní mór faisnéis a roinnt ar bhonn 'riachtanas eolais' ar na leasanna is fearr don pháiste/duine óg/duine fásta i mbaol, leis na húdaráis reachtúla ábhartha agus, más cuí, le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí.

- I dtaobh soláthar comhréireach faisnéise de, chuig na húdaráis reachtúla agus atá riachtanach le cosaint a thabhairt do pháiste/duine óg/duine fásta i mbaol, ní sárú é sin ar rúndacht nó cosaint sonraí.
- Tá sé de cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus ag páistí/daoine óga/daoine fásta an t-eolas a bheith acu má tá faisnéis phearsanta á roinnt, ach ab é go bhféadann sé sin breis baoil a chur ar an pháiste, duine fásta a bhfuil díobháil á déanamh air, nó go gcuirfeadh sé a tuairisceoir i mbaol.

Is gá do bhaill foirne tuairisciú ar fhaisnéis faoi chúram nó sábháilteacht páiste, duine óg nó duine fásta, nó nuair atá tuairim acu go bhfuil coir i gceist, don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe de réir na nósanna imeachta tuairisce agus na foirmeacha cuí a úsáid.

Ionas caighdeánú a dhéanamh ar an eolas bailithe maidir le cumhdach Páistí agus Daoine Fásta Leochaileacha, is cóir gach tuairisc don Oifigeach Ainmnithe a dhéanamh ar Fhoirm Thuairisce ar Theagmhas (Aguisín 3) nó a bheith ceangailte léi. Is cóir an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomlán, agus mionsonraí a chuir isteach ann mar is gá.

Ar dtús, ní bheidh rochtain ar na taifid ach ag an (Leas-)Oifigeach Cumhdaigh Ainmnithe amháin agus nuair is cuí do na gníomhaireachtaí reachtúla.

Sna cásanna go gcuirtear tús le Nósanna Imeachta Smachta i ndiaidh seasaimh gearáin, féadfar na taifid ábhartha a chur ar fáil don Phainéal Smachta.

I measc na dtaifead a bheidh le coinneáil ag an Oifigeach Ainmnithe, beidh:

- líomhaintí/buarthaí faoin drochíde;
- foirmeacha tuairisce ar theagmhas;
- atreoruithe go gníomhaireachtaí reachtúla;
- torthaí agus tuairiscí ó ghníomhaireachtaí reachtúla;
- tuairiscí ar theagmhas faoi iompraíocht toirmeascach nó dúshlánach;
- tuairiscí a thagann chun cinn ar theagmhais a bhaineann le páistí nó daoine fásta i mbaol atá caillte nó gortaithe.

Roinnfidh Uiscebhealaí Éireann an fhaisnéis seo le gníomhaireachtaí seachtracha, agus leis na gníomhaireachtaí reachtúla sin san áireamh a bhfuil dualgas cumhdaigh orthu.

Beidh fáil ag páistí, daoine óga, daoine fásta, agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí, ar eolas faoi Uiscebhealaí Éireann. Beidh siad:

- curtha ar an eolas faoin bheartas cumhdaigh agus treoraithe go dtí an áit ar féidir leo cóip a fháil;
- curtha ar an eolas faoi na nósanna imeachta le haghaidh tuairisciú agus faoi ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus ainm an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe;
- in ann cóip den ráiteas um an bheartas le haghaidh cumhdaigh a fháil ach é a iarraidh;
- curtha ar an eolas faoi na nósanna imeachta le haiseolas a thabhairt agus le gearán a dhéanamh;

TUAIRISCIÚ AR CHEISTEANNA CUMHDAITHE

CÉIM 1 – TUAIRISCIÚ
Gach ball den fhoireann

Mar chuid de do ról in Uiscebhealaí Éireann, más amhlaidh:

(a) a shíleann tú go raibh, nó go bhfuil, páiste, duine óg nó duine fásta i mbaol drochíde; nó
(b) a rinneadh nochtadh faisnéise a roinnt leat; nó
(c) a fhaigheann tú gearán ó dhuine den phobal a bhaineann le saincheist chumhdaigh; nó
(d) a bhíonn líomhain dhíreach curtha i do leith nó i leith baill eile den fhoireann; nó
(e) a fheiceann tú iompraíochtaí ar chúis bhuartha iad ó duine den phobal (bíodh sé ina dhuine óg nó fásta) a bhaineann le cumhdach páistí, daoine óga nó daoine fásta;
(f) a thagann tú ar eolas go bhfuil droch-chleachtas cumhdaigh ar siúl, má shíleann tú seans go bhfuil droch-chleachtas cumhdaigh ar siúl, nó insítear duit faoi rud éigin atá seans ina dhroch-chleachtas.

Is gá duit Foirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh a comhlánú agus tuairisc a dhéanamh don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Ná déan fiosrúchán tú féin - Go díreach, déan éisteacht

Ná déanadh aon bhall foirne iarracht, faoi chúinse ar bith, tabhairt faoin fhadhb drochíde as a chonlán féin.

Cuir fios ar do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe

Gníomh Éigeandála

Má tá cosaint láithreach ó dhíobháil de dhíth ar an pháiste, is gá duit dul i dteagmháil leis na Gardaí, Otharcharr, nó Tusla láithreach bonn.

Cuir fios ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe chomh luath agus a bheidh deis agat.

Scríobh nótaí mionchúiseacha ar an fhoirm le haghaidh teagmhas cumhdaigh ar a bhfaca tú, ar ar chuala tú nó ar a n-insíodh duit.

Cuir do shíniú agus an dáta ar an fhoirm agus tabhair don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe é.

Gníomh Neamh-Éigeandála

Mura bhfuil an páiste i mbaol láithreach díobhála, scríobh nótaí mionchúiseacha ar a bhfaca tú, ar ar chuala tú nó ar a n-insíodh duit ar an Fhoirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh.

Cuir do shíniú agus an dáta ar an fhoirm agus tabhair don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe í agus leanfaidh seisean an nós imeachta leagtha amach i gCéim 2.

Teagmhálacha le haghaidh Cumhdach Páistí agus Daoine Óga

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach www.tusla.ie
Guthán: 01 7718500 /Ríomhphost: info@tusla.ie

An Garda Síochána Guthán: 999 / 112

Teagmhálacha le haghaidh Cumhdach Daoine Fásta

Foirne um Chumhdach agus Cosaint

Tá naoi bhFoireann um Chumhdach agus Cosaint ar fud na tíre. Is cóir duit dul i dteagmháil leis an fhoireann atá san Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail ina gcónaíonn an duine.

Líne Eolais an FSS An Luan go dtí an Satharn, 8am-8pm
Glao Sábhála: 1850 24 1850/ Ríomhphost: info@hse.ie

Céim 2a – Breithmheas agus Atreorú na mBuarthaí Cumhdaigh Páistí
Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe

Ar fáil tuairisce ar bhuarthaí dó, is gá don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an bhuairt a bhreithmheas, taobh le haon eolas eile ábhartha, agus socrú a dhéanamh, go minic in idirchaidreamh le daoine eile, ar na gníomhartha is cóir a dhéanamh.

Cuirfidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe eolas ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe de chuid an dá ranna urraithe faoi atreoruithe seachtracha ar bith.

Is cóir i gcónaí Tusla nó na Gardaí a chur ar an eolas nuair atá forais réasúnacha ann i dtreo buartha go bhféadfadh sé go ndéanfadh drochíde ar pháiste nó ar dhuine óg, nó go bhfuil sí á déanamh, nó go bhfuil baol drochíde ann.

Má tá an páiste/duine óg i ngarbhaol díobhála, is cóir duit atreorú chuig Tusla nó chuig na Gardaí gan mhoill.

Téigh ar lorg comhairle

Mura bhfuil tú cinnte faoi cén gníomh is cóir duit a dhéanamh, téigh ar lorg comhairle agus tacaíochta ó Tusla

Ceist Chumhdaigh

Má shíltear nó má tá buarthaí ann, ach gan aon gharbhaol dhíobhála

Atreoraigh chuig Tusla i scríbhinn agus an Fhoirm Tuairisce le haghaidh Cumhdach agus Folláine Páiste á húsáid agat.

Ceist Chosanta

Má tá riosca soiléir de gharbhaol/choir líomhnaithe ann, atreoirigh chuig na Gardaí

Atreoirigh **láithreach bonn** tríd an ghuthán chuig Tusla, na Gardaí, agus/nó Otharcharr.

Agus atreorú práinneach tríd an ghuthán á dhéanamh agat, beidh ort an t-atreorú atá déanta agat a dhearbhú i scríbhinn taobh istigh de 24 uair an chloig agus an Fhoirm Tuairisce le haghaidh Cumhdach agus Folláine Páiste á húsáid agat.

Gan Aon Cheist Cumhdaigh Ann

- Is cóir taifead a dhéanamh ar na fáthanna nach ndearnadh tuairisciú.
- Is cóir taifead a dhéanamh ar aon ghníomhartha a glacadh de bharr na buartha.
- Is cóir míniúchán soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó saorálaí a d'ardaigh an bhuairt, ar na fáthanna nár tuairiscíodh an bhuairt do Tusla.
- Is cóir an chomhairle a thabhairt don fhostaí nó saorálaí má tá buairt go fóill acu faoin chás, go bhfuil cead acu tuairisc a dhéanamh do Tusla nó do na Gardaí.

Cibé cinneadh a bheidh agat, **IS GÁ** duit:

- Taifead a dhéanamh i scríbhinn ar gach gníomh a dhéantar, ar na fáthanna taobh thiar dóibh, agus ar cé a rinne na gníomhartha.
- Caschomhad Cumhdaigh a thosú (le coinneáil de réir na dtreorlínte ar chosaint sonraí)
- Taifead iomlán a choinneáil ar na gníomhartha agus ar na cinntí ar fad; (fiú más é an cinneadh gan tuilleadh gnímh a dhéanamh agus cad chuige)
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil tréadchúram ar fáil don fhoireann/oibrí deonach mar is cuí.

Nuair a chuireann tú atreorú chuig Tusla is cóir duit a oiread eolais ábhartha agus is féidir leat a chur ar fáil faoin phaiste, cúrsaí ina bhaile agus na forais den bhuairt. D'fhéadfaí a chur san áireamh leo siúd:

- Ainm, seoladh agus aois an pháiste;
- Ainmneacha agus seolta na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí;
- Ainmneacha, má tá siad ar eolas, de na daoine a bhfuil líomhain curtha ina leith go ndearna siad díobháil don phaiste nó nár thug gan cúram cuí dó;
- Cuntas mionsonrach ar fhorais do bhuarthasa (m.sh. mionsonraí ar an líomhain, dátaí na dteagmhas, agus cur síos ar na gortuithe);
- Ainmneacha na bpáistí eile sa teaghlach;
- Ainm na scoile ar a dtéann an páiste;
- D'ainm féin, do shonraí teagmhála agus an gaol atá agat leis an pháiste.

Céim 2b – Breithmheas agus Atreorú na mBuarthaí Cumhdaigh Páistí

Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe

Ar fáil tuairisce ar bhuarthaí dó, is gá don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an bhuairt a bhreithmheas, taobh le haon eolas eile ábhartha, agus socrú a dhéanamh, go minic in idirchaidreamh le daoine eile agus an duine fásta san áireamh, ar na gníomhartha is cóir a dhéanamh. Cuirfidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe eolas ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe na Ranna de chuid na ranna urraithe faoi atreoruithe seachtracha ar bith.

Mura bhfuil tú cinnte faoi cén gníomh is cóir duit a dhéanamh, ***téigh ar lorg comhairle*** *agus tacaíochta ón Fhoireann um Chumhdach agus Cosaint nó ó na Gardaí.*

Má tá duine fásta i ngarbhaol díobhála, is cóir duit atreorú go díreach chuig na Gardaí.

Gan Aon Cheist Cumhdaigh Ann

Déan taifead den Chinneadh ar an Fhoirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh

Aimsigh ceisteanna oiliúna nó dea-chleachtais a bhfuil aird de dhíth orthu.

Ceist Chumhdaigh

Má shíltear nó má tá buarthaí ann, ach gan aon gharbhaol dhíobhála ann:

Ceist Chosanta

Má tá riosca soiléir de gharbhaol/choir líomhnaithe ann

Atreoirigh chuig na Gardaí.

Iarr toiliú le haghaidh atreoraithe ón duine fásta

An toiliú diúltaithe/Gan chumas

Iarr toiliú le haghaidh atreoraithe
Ach, má dhiúltaítear toiliú, féadann tú go fóill dul ar aghaidh leis an atreorú

Toiliú tugtha

Ná hatreoraigh - Téigh Ar Lorg Comhairle
Gabh i dteagmháil leis an Fhoireann um Chumhdach agus Cosaint tríd an ghuthán agus lean an comhairle uathu.

Atreoraigh na Ceisteanna Cumhdaithe chuig An Fhoireann um Chumhdach agus Cosaint agus úsáid an Fhoirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh.

Atreoraigh Ceisteanna Cosanta láithreach bonn chuig na Gardaí.

Gan Aon Cheist Cumhdaigh Ann
Déan taifead den Chinneadh ar an Fhoirm le haghaidh Teagmhas Cumhdaigh.

Cibé cinneadh a bheidh agat, **IS GÁ** duit:

- Taifead a dhéanamh i scríbhinn ar gach gníomh a dhéantar, ar na fáthanna taobh thiar dóibh, agus ar cé a rinne na gníomhartha.
- Caschomhad Cumhdaigh a thosú (le coinneáil de réir na dtreorlínte ar chosaint sonraí)
- Taifead iomlán a choinneáil ar na gníomhartha agus ar na cinntí ar fad; gan tuilleadh gnímh san áireamh agus cad chuige
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil tréadchúram ar fáil don fhoireann/oibrí deonach mar is cuí.

Ní mór duit a oiread mionsonraí agus is féidir a chur ar fáil (ainm an pháiste, seoladh, na dálaí). Cinnte a dhéanamh de go mbeidh siad sin ar fáil agus tú ag déanamh atreoruithe.

Céim 3 - Measúnuithe agus Fiosruithe

Do na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe & na Gníomhaireachtaí Reachtúla

Is cóir do Tusla admháil a thabhairt duit go bhfuair siad na tuairiscí uait agus is féidir go ndéanfaidh siad teagmhail leat le tuilleadh eolais a fháil, más gá.

Déanfaidh na gníomhaireachtaí reachtúla breithmheas cúramach ar an atreorú chomh maith le haon eolas eile atá ar fáil agus déanfar measúnú cosanta páiste má tá riosca dóthanach aitheanta. Féadfaidh siad a chinneadh le cruinniú straitéiseach a reáchtáil. Seo cruinniú le haghaidh gairmí, amhail na Gardaí, gairmí oideachais, na seirbhísí sóisialta agus aon eagrais eile. Is féidir go gcuimsíonn sé seo an Duine/Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe de chuid an Fhorais Teanga.

Má thugtar cuireadh dó(ibh), is cóir don Duine/Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe freastal ar chruinnithe straitéiseacha agus a chinntiú go gcuirtear aon mholtaí a dhéantar ar an chruinniú a chur ar ais chuig an bhainistíocht chuí den Fhoras Teanga.

Mar thoradh ar an eolas roinnte ar an chruinniú straitéiseach/Meitheal, is féidir go ndéanfaidh na gníomhaireachtaí reachtúla tuilleadh fiosruithe nó measúnuithe ar an ábhar agus coinneoidh siad gníomhaireachtaí eile ar an eolas más gá.

Céim 4 - Tátail

Do na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe & na Gníomhaireachtaí Reachtúla
Measúnuithe agus fiosruithe

Is cóir don Duine/Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe cuidiú leis na húdaráis reachtúla go dtí deireadh aon mheasúnaithe agus fiosrúcháin. Cé nach bhfuil sé i gcónaí indéanta do Tusla tú a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn agus toradh an cháis, is féidir go rachaidh siad i dteagmháil leat le cur in iúl má comhlíonadh na tairsí agus, bunaithe air sin, má tá siad le tuilleadh gnímh a dhéanamh air.

GAN AON GHNÍOMH BREISE AG NA HÚDARÁIS REACHTÚLA

I ndiaidh dóibh an bhuairt a bhreithmheas, féadann an húdaráis reachtúla cinneadh gan aon ghníomh breise cumhdaigh a dhéanamh.

Sna cásanna sin, is féidir go bhfaighidh an páiste/duine fásta leochaileach tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile.

Fiú má ghlacann na húdaráis reachtúla cinneadh gan tuilleadh gnímh a dhéanamh, is féidir leis an cheist atá ardaithe a bheith ina údar idirghabhála ag an Fhoras Teanga, agus féadann sé gur mian leosan tabhairt faoi nósanna imeachta ar bhainisteoireacht cásanna nó athbhreithniú cleachtas.

TUILLEAMH GNÍMH DÉANTA AG NA hÚDARÁIS REACHTÚLA

Má tá na húdaráis reachtúla den tuairim go bhfuil forais ann le tuilleadh gnímh a dhéanamh maidir leis an líomhain in éadan an duine den fhoireann, feidhmítear ansin na nósanna imeachta smachta inmheánacha.

Fiú mura bhfuil baill foirne luaite, déanfaidh na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe plé ar chúinsí agus d'fhéadfadh sé go moltar go mbeidh tuilleadh measúnuithe riosca ar chumhdach sna gníomhartha agus i seirbhísí de chuid an Fhorais Teanga, ina measc sin nós imeachta le haghaidh bainisteoireacht cásanna nó athbhreithniú ar chleachta.

CINNEADH AR GHEARÁIN

Tá cultúr de cuimsiú, follasacht agus oscailteacht ag Uiscebhealaí Éireann, rud a éascaíonn saorshruthlú eolais ón eagras go dtí an fhoireann ar fad, na páistí, daoine óga agus daoine fásta agus chuig a dtuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí i dtaca le héiteas, aidhmeanna agus na nithe atá muid ag iarraidh a bhaint amach.

Má ba mhaith leat tuilleadh eolais faoi bheartais agus nósanna imeachta de chuid Uiscebhealaí Éireann le haghaidh cumhdaigh nó má tá aon bharúlacha nó moltaí i dtaca le cumhdach san eagras agat, iarrtar ort dul i dteagmháil leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí/chúramóirí a bheith ar an eolas faoi cad é agus cén dóigh a ndéanann muid rudaí, agus go mbeidh baill den fhoireann i gcónaí ar fáil le linn na ngníomhartha le comhairle agus tacaíocht a thabhairt. Beidh tuilleadh eolais maidir le himeacht nó gníomhaíocht curtha ar fáil trí litreacha, ríomhphoist nó teagmháil tríd an ghutháin.

Cuireann Uiscebhealaí Éireann ceangal ar sholáthraithe a chinntiú go bhfaigheann siad an fhoirm thoilithe cuí sula leana siad lena ngníomhaíochtaí lenár n-eagras.

Gearáin maidir le Cumhdach

Má bhaineann an gearán atá agat le hiompraíocht mhíchuí de chuid baill foirne nó úsáideora seirbhíse le páistí, daoine óg agus/nó daoine fásta i mbaol, iarrtar ort é sin a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Gearán maidir le cumhdach á dhéanamh le Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
Má tá gearán agat maidir le cumhdach, iarrtar ort dul i dteagmháil leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leanfaidh sé ár nósanna imeachta le haghaidh cumhdaigh.

Mura bhfuil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar fáil nó má tá an gearán faoin Duine Idirchaidrimh Ainmnithe é féin, téigh chuig an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Nuair a fhaigheann Duine Idirchaidrimh Ainmnithe gearán, is gá dó é **a bhreithmheas** taobh istigh de 24 uair an chloig. Déanfar taifead den ghearán agus déanfar an breithmheas agus coinneofar é faoi rún. **Cinnfidh** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe más ionann an gearán agus:

- **Ceist Chumhdaigh:** *tá tuairimí nó buarthaí ann ach gan aon gharbhaol dhíobhála*
- **Ceist Cosanta:** *tá riosca soiléir ann de dhíobháil nó de choir líomhnaithe*

Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe idirchaidreamh, mar is cuí, leis na Seirbhísí Sóisialta, an FSS, an SPTÉ, An Garda Síochána.
I gcás inar cóir na líomhaintí a fhiosrú níos mó, beidh an teagmhas tuairiscithe ar bonn foirmiúil do na Seirbhísí Sóisialta nó don FSS, gan mhoill.

I gcás éigeandála, déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an teagmhas a thuairisciú go díreach don Gharda Síochána.

Beidh fiosrúcháin ar na líomhaintí drochíde déanta ag na gníomhaireachtaí reachtúla - Údaráis Sláinte agus an Garda Síochána.

Comhoibreoidh Uiscebhealaí Éireann go hiomlán leis na fiosrúcháin seo agus beidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ina theagmhálaí lárnach do na comhlachtaí seo.

I gcás ina bhfuil an líomhain, faoi réir atreorú foirmiúil chuig an ghníomhaireacht reachtúil, in éadan ball foirne, cuirfidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe in iúl don Phríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Airgeadais & Pearsanra agus don Cheannasaí AD.

Déanfar measúnú riosca le fáil amach an cur chuige san eagras ag brath ar thorthaí an fhiosrúcháin.

Cuirfidh an ghníomhaireacht reachtúil Uiscebhealaí Éireann ar an eolas faoi thorthaí an fhiosrúcháin i gcás ina mbaineann sé le ball foirne.

I gcás ina seasann na líomhaintí a fhaightear in éadan duine den fhoireann, cuirfidh Uiscebhealaí Éireann tús le himeachtaí smachta foirmiúla de réir an Bheartais agus Nósanna Imeachta Smachta de chuid Uiscebhealaí Éireann.

I gcás nach seasann na líomhaintí, cuirfidh na fiosraitheoirí comhairle go neamhspleách ar gach páirtí san fhiosrúchán. Cinnteoidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe go mbeidh an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais & Pearsanra agus an Ceannasaí AD curtha ar an eolas faoi seo agus go mbeidh taifid glactha dá réir.

Ag pointe ar bith sa phróiseas, is féidir leat do bhuarthaí a thuairisciú do Tusla nó don Gharda Síochána.

CÓID IOMPRAÍOCHTA I dTACA LE CUMHDACH

Cóid Iompraíochta don Fhoireann i dtaca le Cumhdach

Tá sé d'aidhm ag Uiscebhealaí Éireann timpeallacht shábháilte a bheith ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta leochaileacha trí chultúr a chruthú ina bhfuil feasacht agus tuiscint ar an riosca do na grúpaí seo trí Chód Iompraíochta.

Is cóir do gach fostaí an cód iompraíochta don fhoireann i dtaca le cumhdach a léamh in éineacht leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta agus an sainchuntas poist atá aige.

Leagtar amach sa chód seo an iompraíocht ionchais dóibh siúd ar fad a baineann leis an eagras - cuairteoirí agus conraitheoirí san áireamh - agus iad ag deileáil le páistí agus daoine fásta leochaileacha i dtimpeallacht oibre. Leis an chód iompraíochta seo, tá sé d'aidhm ag Uiscebhealaí Éireann an baol díobhála nó drochíde a fhéadtar a imirt ar pháistí agus ar dhaoine fásta leochaileacha a laghdú oiread agus is féidir. Cuideoidh sé chomh maith cosaint a thabhairt dóibh a oibríonn le páistí agus daoine fásta leochaileacha trí shraith shoiléir d'iompraíochtaí a chur ar fáil a bhfuil súil againn leo agus na teorainneacha inar cóir dóibh feidhmiú.

Go háirithe agus an fhoireann ag obair le páistí agus daoine fásta, is cóir do bhaill foirne:

- Gach céim réasúnta a ghlacadh le daoine a chosaint ó dhíobháil nó drochíde.
- Gníomh iomchuí a dhéanamh má tharlaíonn teagmhas.
- Gníomh iomchuí a dhéanamh má thugann tú faoi deara duine ag tabhairt drochíde colanda, mothúchánach nó collaí do pháiste nó do dhuine fásta leochaileach.
- Teagmhas nó tuairim drochíde a thuairisciú don Oifigeach Ainmnithe nó don Leas-Oifigeach Ainmnithe.
- A bheith ar fáil don pháiste nó don duine fhásta leochaileach le labhairt leo.
- A bheith cairdiúil agus sochaideartha.

Agus nochtadh faisnéise á fháil acu, is cóir do bhaill foirne:

- Gach nochtadh faisnéise líomhnaithe a ghlacadh go bonn dáiríre.
- Éisteacht go cúramach agus go tuisceanach, fanacht socair agus cinntiú go mbeidh tuiscint soiléir acu ar an líomhain.
- A bheith ar fáil don pháiste nó don duine fhásta leochaileach le labhairt leo.
- Ceisteanna a chur le haghaidh soiléiriú amháin.
- Taifead a dhéanamh ar a raibh nochtaithe.
- Míniú a thabhairt ar cad é a tharlóidh ansin.
- Míniú a thabhairt nach mór duit an t-eolas a chur anonn chuig na húdaráis chuí.
- An teagmhas a thuairisciú don (Leas-)Duine Idirchaidrimh Ainmnithe chomh luath agus a bheidh deis agat. I ndiaidh glaoch gutháin sa chéad dul síos, is cóir sin a leanúint le tuairisc scríofa ar an líomhain agus í curtha ar an Fhoirm Thuairisce ar Theagmhas (Aguisín 3) nó a bheith ceangailte leis an fhoirm sin.
- Caitheamh le gach eolas bailithe sna dálaí seo faoin rúndacht is dlúithe.

Iompraíochtaí is cóir a sheachaint:

- Gealltanas a thabhairt do pháiste nó do dhuine fásta go gcoinneofar an nochtadh faisnéise faoi rún.
- Tuairim phearsanta ar bith a léiriú faoin drochídeoir atá faoi líomhain, nó faoin teagmhas líomhnaithe.

- Sna cásanna ina bhfuil drochíde cholanda amhrasta, aon éadaí a bhaint den pháiste nó den dhuine fásta.
- Aon treoircheisteanna a chur.
- An iomarca ama a chaitheamh mar dhuine aonair leis an phaiste nó leis an duine fhásta leochaileach gan duine ar bith eile ann.
- Páiste nó duine fásta a thabhairt chun a bhaile féin.
- Páiste nó duine fásta a ghlacadh sa charr gan duine ar bith eile istigh ann. Má tá an t-aistear dosheachanta nó de dhíth, is cóir go ndéantar é agus iomlán an eolais ag na tuismitheoirí (nó na caomhnóirí) agus toiliú uathusan agus an toiliú ón bhainisteoir cuí. Is cóir taifead ábhartha den aistear a choinneáil.
- Is cóir reáchtáil aon chruinnithe a sheachaint le páistí nó le daoine fásta agus iad ina n-aonar leat féin nó gan iad a reáchtáil ach in áit a bhfuil radharc ag daoine eile oraibh. Má tá príobháideachas de dhíth, is cóir an doras a fhágáil ar oscailte agus baill foirne eile ar an eolas go bhfuil an cruinniú ar siúl.
- Teagmháil cholanda gan chúis a dhéanamh nó gur féidir míthuiscint a bhaint aisti.
- A bheith ró-chairdiúil.

Beidh cuid de na cásanna thuas dosheachanta ach ní cóir iad a tharla ach amháin go mbeidh iomlán an eolais ag an bhainisteoir chuí agus ag tuismitheoir nó caomhnóir an phaiste nó an duine fhásta leochailigh, agus an toiliú uathu.

Ná déanadh ball foirne choíche:

- drochíde, faillí nó díobháil, nó páiste nó duine fásta a chur in áit a bhfuil riosca díobhála ann, bíodh sin trí ghníomh nó trí neamhghníomh;
- páirt a ghlacadh i gcluichí colanda garbha, pleidhcíocht san áireamh, seachas gníomhaíochtaí spóirt atá struchtúrtha;
- páirt a ghlacadh in aon tadhall míchuí i bhfoirm ar bith;
- páirt a ghlacadh in iompraíocht nó cluichí spreagtha collaíochta;
- claontagairtí collaí a lua le duine fásta nó le páiste nó fúthu;
- rud ar bith a thaispeáin le páiste nó duine fásta a d'fhéadadh a mhaíomh gur íomhanna mí-úsáide iad;
- beag is fiú a dhéanamh de cheisteanna drochíde nó áibhéil a dhéanamh fúthu;
- rudaí pearsanta nó nithe collaí a dhéanamh le páiste nó duine fásta;
- pionós colanda a ghearradh, nó boiseog nó bualadh a thabhairt do pháiste nó do dhuine fásta;
- páiste nó duine fásta a chiapadh trí scairteadh air nó trí ainmneacha dímheasúla a thabhairt orthu;
- greim a fháil ar pháiste nó ar dhuine fásta atá ina cúis pian dóibh nó iad a chroitheadh;
- alcól a ól nó a cheannach nó drugaí a ghlacadh nuair atá páistí nó daoine fásta faoi do chúram gairmiúil;
- bronntanais nó iasachtaí a ghlacadh ó pháiste/dhuine fásta nó a leithéid a thabhairt dóibh;
- grianghraif/físeáin a ghlacadh de pháistí nó de dhaoine fásta, fiú ar ghuthán póca, gan an toiliú cuí;
- grianghraif/físeáin a ghlacadh atá míchuí.

Is gá do bhaill foirne aon úsáid míchuí d'íomhánna de pháistí nó de dhaoine fásta sa timpeallacht oibre a thuairisciú.

Is gá chomh maith do bhaill foirne aon iompraíocht mhíchuí nó chontúirteach ar an idirlíon sa timpeallacht oibre a bhaineann le páistí nó daoine fásta a thuairisciú.

Impleachtaí don fhoireann

Ar aon sárú ar na Cóid Iompraíochta i dtaca le Cumhdach, treoróidh bainisteoirí líne na baill foirne chuig an Bheartas le haghaidh Chumhdaigh agus más gá, tuairisceoidh siad chuig an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus déanfaidh seisean taifead den teagmhas seo.

Má tá líomhain drochíde déanta in éadan baill foirne, déanfar fiosrúchán ar aon dul leis an Nós Imeachta Smachta de chuid Uiscebhealaí Éireann. Beidh sé ar an oifigeach fiosrúcháin an t-idirchaidreamh a dhéanamh leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe le soiléiriú má tá aon taifid ábhartha aige ar aon eolas cumhdaigh eile ar pháiste agus duine óg a bhaineann leis an duine atá i gceist.

Má fhaightear amach san fhiosrúchán gur ghníomhaigh baill foirne ar bhealach míchuí nó nár ghníomhaigh ar na leasanna is fearr don pháiste nó don duine óg nó don úsáideoir fásta seirbhíse, feidhmeofar an nós imeacht smachta.

TREORLÍNTE I dTACA LE CUMHDACH

Treoirlínte i dtaca le Teagmháil Cholanda

Le páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha a choinneáil sábhailte, taobh istigh d'Uiscebhealaí Éireann, is cóir do bhaill foirne a chinntiú:

- go bhfuil aon teagmháil cholanda a tharlaíonn cuí, íosta agus riachtanach don tasc atá le déanamh amháin;
- go spreagtar páistí, daoine óga agus daoine fásta an méid is mó agus is féidir leo a dhéanamh dóibh féin;
- go dtugtar míniúchán ar an teagmháil cholanda agus is cóir toiliú a fháil ón pháiste/duine óg/úsáideoir fásta seirbhíse;

Treoirlínte i dtaca le hIdirghabháil Cholanda

Is é an barúil atá ag Uiscebhealaí Éireann nach cóir do bhaill foirne idirghabháil cholanda a dhéanamh ach amháin go bhfuair siad oiliúint chuige sin, agus ansin nach ndéantar í ach i gcás go bhfuil fíor-riachtanas léi. Is cóir do bhaill foirne:

- Iarracht a dhéanamh an staid a chur ina ceart, agus mar sin de, aon úsáid idirghabhála colanda i gcruth ar bith a sheachaint;
- Gan idirghabháil cholanda a úsáid ach i gcás ina bhfuil fíor-riachtanas léi le díobháil a chosc;
- Cinntiú a dhéanamh de go bhfuil aon idirghabháil comhréireach taobh le riosca na díobhála;
- Na foirmeacha amháin idirghabháil cholanda a úsáid agus a bhfuarthas oiliúint faoina gcoinne agus atá ar aon dul leis an dea-chleachtas reatha;
- Aon idirghabháil cholanda a thaifeadadh agus a thuairisciú;
- Breithmheas a dhéanamh ar aon chás ar chúis le hidirghabháil cholanda é, i dtreo a leithéid de riachtanas a sheachaint amach anseo.

Treorlínte i dtaca le Grianghrafadóireacht agus Scannánú

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann an gá le beartas a bhaineann le húsáid íomhánna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha ar ár suíomh agus i bhfoilseacháin eile. Tá meas déanta againn ar na cineálacha íomhá atá fóirsteanach agus a léiríonn ár gcuid oibre i mbealach cuí, gan páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha a chur faoi riosca díobhála níos airde. Déanfaidh muid cinnte go gcuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar an eolas faoin bheartas seo. Agus na rioscaí féideartha in úsáid na n-íomhánna ar obair Uiscebhealaí Éireann á meas, is é an toisc is mó tábhacht ná an fhéidearthacht go mbaintear mí-úsáid as íomhánna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha.

Ach an fheasacht ar na riosca féideartha a mhéadú agus na céimeanna cuí a ghlacadh, is féidir féidearthacht na mí-úsáide a laghdú.

Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann:

- úsáid shloinne agus ainm na ndaoine a sheachaint i ngrianghraif. Laghdaíonn sé seo an riosca tarraingthe airde atá míchuí gan iarraidh ó dhaoine taobh istigh agus taobh amuigh d'Uiscebhealaí Éireann.

Is cóir an treoir seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Má tá an páiste, duine óg agus/nó an duine fásta leochaileach ainmnithe, seachain úsáid an

ghrianghraif ina bhfuil siad;
- Iarr cead ón pháiste, duine óg, úsáideoir fásta seirbhíse nó ó na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí (más cuí) lena n-íomhá a úsáid. Cinntíonn sé seo go bhfuil siad ar an eolas ar an dóigh a bhfuil na híomhánna in úsáid chun Uiscebhealaí Éireann a léiriú. Is dóigh amháin chuige sin, foirm cheada ón pháiste, duine óg agus/nó duine fásta;
- Ná baintear úsáid as íomhanna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha ach amháin go bhfuil siad in éadaí cuí leis an riosca úsáide míchuí a laghdú. Maidir leis an ábhar féin, tá sé deacair a shainmhíniú go beacht cad é atá cuí ionas iléagsúlacht na ngníomhaíochtaí atá ann. Bíodh sin mar atá, áfach, is léir go bhfuil roinnt gníomhaíochtaí ann (.i. snámh, gleacaíocht agus imeachtaí lasmuigh) faoina bhfuil an riosca féideartha mí-úsáide i bhfad níos mó ná faoi imeachtaí eile. I dtaca leis na gníomhaíochtaí seo, is cóir ábhar an ghrianghraif a bheith dírithe ar an ghníomhaíocht féin agus ní ar pháiste, duine óg agus/nó duine fásta ar leith agus is cóir seatanna d'iomlán an aghaidhe agus na colainne a sheachaint. Mar shampla, bheadh sé fóirsteanach dá mbeadh seatanna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha istigh i linn snámha, nó dá mbeadh siad cois linne, ón choim nó ón ghualainn aníos.
- is cóir úsáid d'íomhánna míchuí a thuairisciú don Oifigeach Cumhdaigh Ainmnithe, agus leanfaidh seisean ár nósanna imeachta le haghaidh cumhdaigh agus féadfaidh sé atreorú chuig gníomhaireachtaí reachtúla.

Tá na nithe a leanas déanta ag Uiscebhealaí Éireann:
- socrú ar na cineálacha íomhánna atá iomchuí le hobair an eagrais a léiriú ar an idirlíon agus ar na meáin eile;
- machnamh ar an leibhéal measúnaithe a thugann muid ar úsáid na n-íomhánna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine leochaileacha i bhfoilseacháin eile, mar shampla, na próisis atá i gceist i dtoghadh na n-íomhánna cuí d'aon nuachtáin nó aon irisí;
- leibhéal méadaithe ar mheasúnuithe curtha i bhfeidhm maidir leis na híomhánna de pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha atá in úsáid ar an tsuíomh gréasáin.

Grianghrafadóireacht/scannánú ar imeachtaí

Leis na rioscaí cumhdaigh a chruthaítear le grianghrafadóireacht/scannanú le linn ár n-imeachtaí agus ár ngníomhaíochtaí a laghdú, déanfaidh Uiscebhealaí Éireann:
- treoir shoiléir a chur ar fáil do ghrianghrafadóirí faoi cad é a mheastar iomchuí ó thaobh ábhair agus iompraíochta de;
- iarradh ar an ghrianghrafadóir oifigiúil comhartha aitheantais a chaitheamh i rith an ama;
- na páirtithe ábhartha (m.sh. scoileanna/ollscoileanna) a chur ar an eolas go mbeidh grianghrafadóir i láthair ar an imeacht agus le cinntiú go dtabharfaidh siad toiliú ó thaobh ghlacadh na scannán is na ngrianghraf de mar aon lena bhfoilsiú;
- gan rochtain a cheadú do pháistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha atá gan mhaoirseacht, nó seisiúin grianghrafadóireachta duine le duine a cheadú ar imeachtaí;
- gan seisiúin ghrianghrafadóireachta a fhaomhadh/cheadú taobh amuigh de na himeachtaí nó i mbaile féin an pháiste, an duine óig nó an duine fhásta leochailigh;
- cinnte a dhéanamh de má tá tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí nó daoine eile ag iarraidh grianghraf nó físeán a ghlacadh ar imeacht, go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfuil muid ag súil leis mar ionchais, i dtaca leis seo;
- rabhadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do luchta féachana go bhféadann iarmhairtí diúltacha a bheith bainteach le híomhánna a chomhroinnt agus atá nasctha le heolas faoina bpáistí/ndaoine óg féin (nó páistí/daoine óga ar le daoine eile iad) ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter) – agus gur cóir aire a thabhairt i dtaca le 'clibeáil' de.
- páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha agus tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas má tá buarthaí acu, is cóir dóibh iad sin a thuairisciú don fhoireann;

- an moladh a thabhairt d'aon duine a bhfuil buarthaí aige maidir le grianghrafadóireacht mhíchuí nó gan iarraidh, iad sin a thuairisciú don bhainisteoir imeachta agus déanfar taifead sa dóigh chéanna agus a dhéantar aon bhuairt chumhdaigh eile.
- Féach Aguisín 7

Íomhánna/Teachtaireachtaí Mígheanasacha Collaí

Tá féidearthacht choiriúlachta ann le gach aon chás a bhaineann le cruthú, dáileadh nó seilbh na n-íomhanna follasacha collaí (íomhánna agus físeáin lomnochta nó leith-lomnochta) de páistí nó daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois agus is cóir iad deo a thuairisciú don Gharda Síochána.

Má fhaigheann ball foirne íomhá fhollasach chollaí de pháiste/duine óg, is gá dó é sin a thuairisciú láithreach bonn don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus déanfaidh seisean teagmháil leis na Gardaí.

***<u>Ná scrios an íomhá</u>**, ach ní cóir duit i gcás ar bith an íomhá a shábháil nó a sheoladh anonn chuig duine eile (fiú chuig an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe) nó í a thaispeáint do dhuine ar bith eile nó d'fhéadfá a bheith i mbun ciona. Tabharfaidh na Gardaí comhairle ar cad é a bheas le déanamh leis an íomhá nuair a bheas sí breithnithe acu.*

Má fhaigheann ball foirne íomhá nó teachtaireacht fhollasach chollaí ó dhuine fásta leochaileach a casadh air mar gheall ar a chuid oibre le hUiscebhealaí Éireann, is cóir dó é seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Ná sábháil nó ná roinn aon íomhanna nó d'fhéadfá a bheith i mbun ciona.

Má fhaigheann ball foirne íomhá fhollasach chollaí de pháiste/duine óg, is gá dó é seo a thuairisciú láithreach bonn don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

I ngach cás, is cóir duit an rúndacht a choimeád agus gan ach an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe nó daoine ábhartha a chur ar an eolas.

Treorlínte i dtaca leis na Meáin Shóisialta, Téacsanna agus Ríomhphoist

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann gur uirlisí tábhachtachta iad na meáin shóisialta, an téacsteachtaireacht agus ríomhphoist le dul i dteagmháil lenár n-úsáideoirí seirbhíse, go háirithe daoine óga.

Le húsáid na meán sóisialta, na téacsteachtaireachta agus na ríomhphost mar shlí le dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhíse, méadaítear leochaileacht an úsáideora seirbhíse agus leochaileacht na foirne araon.

Ní cóir don eagras an cinneadh a dhéanamh leis na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs nó ríomhphost a úsáid le teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse, gan plé inmheánach agus toiliú scríofa; cinnteoidh sé seo gur féidir ionchais agus riachtanais chumhdaigh an eagrais a shoiléiriú.

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann go bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh ar na rioscaí cumhdaigh d'úsáideoirí seirbhíse:

- aon úsáid, roinnt mhíchuí, nó rochtain ar shonraí pearsanta (m.sh. ainmneacha, uimhreacha guthán póca);
- teagmháil gan iarraidh le páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha ó daoine a bhfuil drochrún acu;
- téacs-/cibearthromaíocht ó lucht a gcomhaoise;
- ábhar gránna, nó ábhar míchuí ar aon bhealach eile, a beith seolta chucu;
- tromaíocht ar líne ó lucht a gcomhaoise;
- mealltóireacht le haghaigh drochíde chollaí;
- teagmháil dhíreach agus drochíde iarbhír.

Maidir leis an fhoireann, i measc na rioscaí cumhdaigh, tá:

- an mhíchiall bainte as a gcuid cumarsáide le páistí/daoine óga/daoine fásta leochaileacha;
- féidearthacht fiosrúcháin (go hinmheánach nó ag údaráis reachtúla);
- gníomh féideartha smachta.

Na Meáin Shóisialta

Níl faomhadh de dhíth ar bhaill foirne faoi choinne úsáid na meán sóisialta (Snapchat, WhatsApp, Facebook, Instagram, Tik Tok, mar shampla) ar bhonn úsáid phearsanta amháin, ach iarrtar ort a bheith ar an eolas go bhfuil tú i ról iontaoibhe, go bhféadann daoine amharc ort mar ambasadóir ar son Uiscebhealaí Éireann agus moltar duit a bheith airdeallach. Ar an ábhar sin, iarrtar ort a bheith aireach dár gcód iompraíochta.

Is dea-chleachtas é a bheith den bharúil go mbeidh gach rud a scríobhfaidh tú buan agus is féidir le duine ar bith é a léamh am ar bith. Chomh maith leis sin, bí den bharúil gur féidir gach rud a rianú ar ais chugat go pearsanta agus chuig do chomhghleacaithe nó chuig Uiscebhealaí Éireann chomh maith.

Is gá úsáid mhíchuí de na meáin shóisialta amhail cibearthromaíocht nó gnéastéacsáil a thuairisciú láithreach bonn don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Más é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an sprioc sa teagmhas, is gá dó cur in iúl don Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe láithreach bonn.

Is cóir do bhaill foirne a chinntiú nach bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid ábhair féin nó sna naisc chuig ábhar eile:

- Ráiteas atá leabhlach nó clúmhillteach nó ina bhfuil tromaíocht nó ciapadh
- Sáruithe cóipchirt agus cosanta sonraí
- Ábhar de chineál neamhdhleathach
- Tagairtí collaí déistineacha
- Caint míchuí

Moltar do bhaill foirne a chinntiú go bhfuil socrúcháin dhóthanacha príobháideachais in áit le srian a chur ar an rochtain do na luchtanna léite iomchuí ar ghrianghraif, ar fhaisnéis phearsanta, agus ar bharúlacha faoi daoine eile, cairde agus leantóirí.

Is cóir do bhaill foirne a bpríobháideachas a chosaint ar líne. Is cóir do bhaill foirne a mheas go cúramach cé dó a thugann siad rochtain ar a bhfaisnéis phearsanta ar líne.

Is cóir do gach ball foirne a chinntiú go bhfuil idirdhealú soiléir idir aon phróifíl phearsanta agus próifíl ghairmiúil.

Teagmháil le Páistí/Daoine Óga ar Líne

Ní cóir do bhaill foirne leanúint nó caradú le páistí nó daoine óga nó daoine fásta leochaileacha a mbuaileann siad leo mar gheall ar a gcuid oibre le hUiscebhealaí Éireann. Má fhaigheann siad iarratas caradaithe ó pháiste/duine óg/duine fásta leochaileach, ní cóir dóibh glacadh leis an iarratas ach é seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. I gcomhthéacs pearsanta, molann Uiscebhealaí Éireann do bhaill foirne gan páistí nó daoine óga a charadú nó a leanúint ar na meáin shóisialta ach amháin le heolas agus toiliú ó na tuismitheoirí.

Má tá cuntas poiblí do mheán sóisialta ag ball foirne nach bhfuil smacht acu ar na leantóirí (.i. Twitter, Instagram) agus thagann sé chun solais dó go bhfuil a chuntas meáin shóisialta leanta ag páiste/duine óg/duine fásta leochaileach ar bhuail sé leo mar gheall ar Uiscebhealaí Éireann, ansin is cóir é seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Ní cóir do bhaill foirne:

- teachtaireachtaí príobháideacha sna meáin shóisialta a úsáid le heolas oifigiúla faoi ghníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann a scaipeadh;
- glacadh le hiarratais charadaithe/leanta taobh amuigh de théarmaí na líonraí sóisialta (.i. faoi bhun 13 bliana d'aois maidir le Facebook);
- tús a chur le comhrá ar bhonn teachtaireachtaí príobháideacha le páiste nó duine óg nó duine fásta leochaileach ar bhuail siad leo mar gheall ar Uiscebhealaí Éireann. Má fhaigheann siad a leithéid de theachtaireacht ó pháiste/duine óg/duine fásta leochaileach, ní cóir dóibh freagra a thabhairt ar an teachtaireacht agus é seo a thuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Seoladh teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist

Leis an riosca cumhdaigh a laghdú de réir mar a bhaineann sin le húsáid na dteachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist:

- is cóir do na heagrais céimeanna a ghlacadh le haithint cá huair/cá háit a mbíonn téacs nó ríomhphost riachtanach le dul i dteagmháil le páistí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha agus is cóir dóibh nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt is a bheadh fóirsteanach do na riachtanas ar léith atá ag eagras ar leith;
- ní cóir na téacsanna nó ríomhphoist ó bhaill foirne san eagras a bheith seolta astu féin amháin; is cóir plé agus toiliú scríofa/ nósanna imeachta a bheith ann;
- i ngach ríomhphost ní mór a bheith soiléir don phaiste/duine óg/duine fásta a fhaigheann é, cén eagras a sheol é, seachas go díreach seoladh an chuntais ríomhphoist éisithe nó ainm duine éigin a thabhairt;
- is cóir cóip de gach teachtaireacht a chur chuig an Oifigeach Ainmnithe san eagras agus cinnteoidh sé go bhfuil gach teachtaireacht in úsáid ar bhealach cuí;
- ní mór toiliú na dtuismitheoirí a fháil sula gcuirtear teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist amach chuig páistí nó daoine óga. Ní mór an togha a bheith ag tuismitheoirí le bheith cóipeáilte isteach in aon teachtaireachtaí a bheas seolta chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- ní mór do dhaoine fásta toiliú leis na dtéacsanna nó na ríomhphoist a fháil. Mura bhfuil an cumas ag an duine fhásta toiliú a thabhairt, is cóir é seo a fháil ó thuismitheoir/cúramóir. Ina leithéid de chás, ní mór an togha a bheith ag tuismitheoirí le bheith cóipeáilte isteach in aon teachtaireachtaí a bheas seolta chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- Is cóir aon bhuarthaí a bhaineann le téacsanna nó ríomhphoist míchuí a thuairisciú ar aon dul le beartas an eagrais le haghaidh cumhdaigh.
- Is cóir gach uimhir ghutháin agus/nó seoladh ríomhphost a bheith i dtaisce i gcófra daingean faoi ghlas nó ar chóras leictreonach faoi chosaint pasfhocail nach bhfuil rochtain isteach ann ach do bhaill foirne cuí ar gá dóibh téacs a chur chuig na húsáideoirí seirbhíse;
- gníomhaíocht choirpis cóir go mbíonn ábhar na dteachtaireachtaí bainte le gnó/gníomhaíocht an eagrais amháin;
- ní cóir choíche aon chaint atá maslach, drochídeach nó míchuí a bheith sna teachtaireachtaí, agus ní mór a bheith cúramach aon ró-aithne nó aon chaint a sheachaint ar féidir míchiall nó míthuiscint a bhaint astu;
- ní cóir na húsáideoirí seirbhíse a mhealladh le freagairt a thabhairt; is fearr gur bealach cumarsáide aontreo é;
- is cóir daoine fásta a chur ar an eolas má thoghann siad é, nó más gá dóibh é, téacs nó ríomhphost a chur chuig ionadaí an eagrais, gur cóir dóibh a chinntiú go mbaineann ábhar na dteachtaireachtaí le cúrsaí a bhaineann leis an ghnó/ghníomhaireacht agus gur gá dóibh a dtuismitheoirí/gcúramóirí a chóipeáil isteach;
- is cóir an deis a bheith ag gach úsáideoir seirbhíse a tharraingt amach as na téacsanna nó

ríomhphoist a fháil níos mó;
- déanfar a mheas tús a chur le beartais le haghaidh cumhdaigh an eagrais agus le nósanna imeachta smachta an eagrais, má sháraítear an treoirlíne seo, agus beidh comhairliúchán nó atreorú san áireamh le heagrais reachtúla má thagann comharthaí de ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha chun solais (m.sh. mealltóireacht le haghaidh drochíde).

Cruinnithe Fíorúla

Do roinnt mhaith againne, tá athrú mór tagtha ar ár saol oibre agus seachas na cruinnithe béal le béal, déantar an cuid is mór dár gcruinnithe go fíorúil trí Zoom nó Microsoft Teams. Caithfidh muid a bheith airdeallach fiú má bhíonn muid ag obair ón bhaile, gur ionadaithe de chuid Uiscebhealaí Éireann i gcónaí sinn agus an iompraíocht ghairmiúil a chur fúinn, amhail agus a bheadh muid ag obair san oifig. Dá réir sin, iarrtar ort na treoirlínte seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Bain úsáid as ceamaraí nuair is féidir
- Coinnigh an cúirtéis ghairmiúil ar siúl agus bí measúil
- Bí aireach dár gcóid ghinearálta iompraíochta
- Cuimhnigh go bhfuil an dualgas cumhdaigh go fóill orainn nuair is cuí – bain úsáid as na beartais agus na nósanna imeachta sin le heolas a dhéanamh do do ghníomhartha má ardaítear buairt.

Páistí agus Daoine Fásta atá Caillte nó Gortaithe

Ó am go chéile, féadann ball den fhoireann a theacht ar pháiste nó duine fásta leochaileach atá caillte nó gortaithe le linn a chuid oibre. Nuair a tharlaíonn a leithéid, is cóir don bhall foirne (go háirithe má oibríonn sé ina aonar), nuair is féidir é, tacú ó chomhghleacaí a fháil le déileáil leis an chás, agus aon chás duine le duine a sheachaint le páiste nó duine fásta leochaileach.

I gcás ina bhfuil páiste nó duine fásta leochaileach caillte nó gortaithe, is dócha go mbeidh siad suaite agus trína chéile. Is cóir don bhall foirne dul chun cainte leo ar bhonn gairmiúil stuama agus mionsonraí a bhailiú ar:

- ainm agus aois an duine;
- ainm thuismitheoir/chúramóir an duine agus an suíomh deiridh atá ar eolas;
- uimhir ghutháin teagmhála don tuismitheoir/chúramóir;
- an dóigh ar tharla an páiste nó an duine fásta leochaileach sa staid seo.

Is cóir don bheirt bhaill foirne a ghabháil in éineacht leis an pháiste nó an duine fásta leochaileach le cuardach gasta a dhéanamh sa cheantair thart timpeall leis an tuismitheoir/chúramóir a aimsiú.

Is cóir go n-iarrtar comhartha aitheantais ar an tuismitheoir/chúramóir sula dtugtar an páiste nó an duine fásta leochaileach ar ais faoina gcúram.

I gcás nach féidir aon tuismitheoir nó cúramóir a aimsiú go réidh, is cóir do na baill foirne dul i dteagmháil leis an Oifigeach Ainmnithe faoi choinne tuilleadh comhairle, nó mar mhalairt air sin, sna dálaí nach bhfuil sé sin praiticiúil, is cóir do na baill foirne dul i dteagmháil leis an SPTÉ.

Is cóir do na baill foirne tuairisc scríofa a chur i dtoll a chéile ar an teagmhas agus ar a ngníomh ar an Fhoirm Thuairisce ar Theagmhas (Aguisín 3) agus é sin a chur anonn, tríd an líne bhainistíochta, chuig an Oifigeach Ainmnithe.

Ach na baill foirne cloí leis an nós imeachta seo, cuirfidh sé méid áirithe cosanta ar fáil dóibh agus iad ag déileáil le páistí agus daoine fásta leochaileacha.

Garchabhair

Ní cóir ach Oifigeach Garchabhrach oilte aon gharchabhair a thabhairt. Agus an gharchabhair á tabhairt aige, is cóir ball eile foirne a bheith in éineacht leis an Oifigeach sin.

Má tá an gortú go dona agus/nó mura bhfuil an tOifigeach Garchabhrach ar fáil, is cóir don bhall foirne glaoch ar na seirbhísí éigeandála.

Is cóir gach gníomh a dhéantar i dtaca le déileáil le páiste nó duine fásta leochaileach atá gortaithe a thuairisciú, tríd an líne bhainistíochta, isteach sa leabhar Timpistí agus a thuairisciú chuig an Gharchabhróir chuí.

Rialú leaganacha

Uimhir an Leagain	Formheasta/Aontaithe	Daingnithe	Leasuithe/Nótaí Tráchta
1.0	7 Samhain 2022 – Foireann Bainistíochta Sinsearaí	24.11.2022	Scoilteadh na beartais de réir dlínse

Aguisín 1: COMHTHÉACS AN DLÍ AGUS AN BHEARTAIS

Is conradh idirnáisiúnta um chearta an duine é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh 1989 ina leagtar síos na híoschaighdeáin le haghaidh chearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch na bpáistí/ndaoine óga. In 1992, shínigh Éire **Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh** agus mar sin tá dualgas ar an rialtas cinntiú nach sáraíonn reachtaíocht agus beartas aon cheann de na caighdeáin leagtha síos sa Choinbhinsiún.

An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 Is reachtaíocht lárnach é seo a rialálann an beartas um chúram páistí i bPoblacht na hÉireann. Faoin Acht seo, tá freagracht reachtúil ar Tusla folláine na bpáistí agus ndaoine óga siúd a chur chun cinn nach bhfuil leordhóthanach cúraim agus cosanta á bhfáil acu.

Tugann An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 cosaint duit má thuairiscíonn tú drochíde amhrasta ar pháistí d'oifigigh ainmnithe in Tusla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) nó do bhaill de na Gardaí, fad agus a dhéanann tú an tuairisc de mheon macánta agus nach bhfuil sí mailíseach.

Le An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006, Alt 176 , bunaíodh cion páistí a chur i gcontúirt go mearganta. Féadann duine a bhfuil údarás nó smacht aige ar pháiste/dhuine óg, nó, féadann drochídeoir a chuireann páiste/duine óg i gcontúirt d'aon turas nó go mearganta, an cion seo a dhéanamh ar na dóigheanna seo:

1. Cúinsí a chruthú nó a fhágáil ina mbíonn páiste/duine óg curtha nó fágtha i gcás a chruthaíonn riosca suntasach go mbeidh an páiste/duine óg ina íospartach díobhála tromchúisí nó ina íospartach drochíde collaí; nó
2. Faillí i nglacadh na gcéimeanna réasúnta le páiste/duine óg a chosaint óna leithéid de riosca nuair is eol go bhfuil an páiste/duine óg ina leithéid de chás.

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012 Faoin Acht seo is cion coiriúil é faisnéis faoi chion thromchúiseach a choinneáil siar, lena n-áirítear cion gnéasach in aghaidh duine faoi 18 mbliana d'aois nó duine leochaileach. Tá na forálacha sa reachtaíocht um Choinneáil Siar ar bharr aon ceanglais tuairisce faoi An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 Faoi na hAchtanna seo, tá sé éigeantach d'fhostóirí nochtaí grinnfhiosrúcháin a fháil maidir le haon duine a dhéanann obair ábhartha le páistí, daoine óga nó daoine leochaileacha.

Is reachtaíocht thábhachtach sa bhreis é An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 don chóras fholláine agus cosaint na bpáistí, mar cuideoidh sé le cinntiú go mbeidh buarthaí faoi chosaint páistí curtha faoi bhráid Tusla gan mhoill.

Tugann An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 aghaidh ar dhúshaothrú collaí páistí/daoine óga agus tá sé dírithe orthu siúd a bhíonn ag gabháil don ghníomhaíocht choiriúil.

An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (irishstatutebook.ie)

Tá na cleachtais agus nósanna imeachta taobh istigh den bheartas seo bunaithe ar na prionsabail atá istigh sa reachtaíocht thuasluaite agus sa treoracha seo a leanas:

- Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse (2014)
- Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 2017
- Children First. A guide to developing a Child Safeguarding Statement
- Guide to reporting of Child Protection and Welfare Concerns

Prionsabail Chumhdaigh ar Dhaoine Fásta Leochaileacha

Tá sé de cheart ag daoine leochaileacha cosaint a fháil ó dhrochíde agus go dtugtar faoi aon bhuarthaí maidir le tarlúintí drochíde. Tá sé de cheart acu go gcaitear leo le meas agus go mothaíonn siad slán.
Tá sé de ceart ag gach duine fásta, is cuma faoina aois, cumas nó míchumas, inscne, cine, creideamh, foinse eitnigh, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó inscnigh, a bheith cosanta ó dhrochíde agus droch-chleachtas agus a bheith rannpháirteach i dtimpeallacht shultmhar shábháilte.

Féachfaidh muid a chinntiú go bhfuil Uiscebhealaí Éireann ionchuimsitheach agus déanfaidh muid oiriúnú réasúnta ar son aon chumais, míchumais nó lagaithe. Tugann muid gealltanas maidir le forbairt leanúnach, monatóireacht agus athbhreithniú.

Tabharfar urraim i gcónaí do chearta, dínit agus luach gach duine fásta.

Aithníonn muid go dtig le cumas agus míchumas a athrú thar ama, sa dóigh is go bhféadann roinnt daoine fásta a bheith níos leochailí ó thaobh drochíde de, mar shampla iad siúd atá spleách ar dhaoine eile nó a bhfuil riachtanais chumarsáide dhifriúla orthu.

Aguisín 2: CATAGÓIRÍ DROCHÍDE

Drochíde tugtha do Pháistí

Féadann drochíde a bheith imeartha ar pháistí/dhaoine óga i bhfoirm amháin nó níos mó ag am áirithe.

Féadann drochíde agus faillí tarlú sa teaghlach, sa phobal nó in institiúid. Féadann sé gur duine é an drochídeoir a bhfuil aithin ag an pháiste/duine air nó gur strainséir é agus féadann sé gur duine fásta nó páiste eile nó duine óg eile é.

I gcás ina líomhnaítear go ndearna páiste/duine óg eile an drochíde, is cóir é a mheas mar shaincheist folláine agus cosanta páiste don bheirt pháistí/daoine óga agus is cóir nós imeachta le haghaidh cosaint páistí a leanúint don íospartach agus don drochídeoir líomhnaithe araon.

In Children First: Guidance for the Protection and Welfare of Children (2017) aithnítear ceithre phríomhchatagóir de dhrochíde ar pháistí: faillí, drochíde mhothúcháin, drochíde cholanda agus drochíde chollaí. Sna sainmhínithe a leanas, cuimsíonn na téarmaí 'páiste'/'páistí' na daoine óga.

Faillí	tarlaíonn sé seo nuair nach bhfaigheann páiste a leordhóthain de chúram nó de mhaoirseacht sa mhéid is go ndéantar díobháil ar an pháiste ar bhonn colanda nó forbarthach. Sainmhínítear é de ghnáth i dtéarmaí easnamh cúraim, nuair a lagaítear sláinte, forbairt nó folláine na páiste de cheal bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagadh intleachta nó maoirseachta agus sábhailteachta. Bheadh buairt réasúnta ann faoi fholláine an pháiste nuair a éiríonn sé seo ina ghnás sa chaidreamh idir an pháiste agus an tuismitheoir nó cúramóir. Féadann sé seo teacht chun solais nuair a fheiceann tú an páiste thar tréimhse ama, nó féadann iarmhairtí na faillí a bheith soiléir ar an pháiste a fheiceáil uair amháin.
Is comharthaí sóirt d'fhaillí i bpáiste na rudaí seo a leanas:	• Fágáil na bpáistí ina n-aonair gan a leordhóthain de chúram nó de mhaoirseacht • Míchothú, easpa bia, bia mífhóirsteanach nó cothú taomach • Teip neamh-orgánach ar bhisiú, .i.

	• páiste nach gcuireann suas meáchan ní amháin de dheasca míchothaithe ach de dheasca díthe mothúchánaí chomh maith • Neamart i soláthar a leordhóthanach de chúram le haghaidh riachtanais leighis agus fhorbartha an pháiste, spreagadh intleachta san áireamh. • Dálaí maireachtála uireasacha - dálaí míshláinteacha, saincheisteanna timpeallachta, ina measc sin easpa dóthain teasa agus troscán • Easpa dóthain éadaí • Neamhaird ar shláinteachas bunúsach • Easpa chosaint ó chontúirt agus teacht faoina a lé, ina measc sin contúirt mhorálta nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an pháiste • Mainneachtain leanúnach freastal ar scoil • Tréigean nó fágáil
Drochíde Mhothúchánach	is é seo an splíontaíocht chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch ar pháirt mar chuid den chaidreamh ghinearálta idir cúramóir agus páiste. Ní áirítear deacrachtaí aon uaire nó anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus páiste mar dhrochíde mhothúcháin. Tarlaíonn drochíde nuair nach riartar ar bhunriachtanas páiste i dtaca le haird, gean, dearbhú, leanúnachas agus slándáil, mar gheall ar neamhchumas nó fuarchúis a thuismitheora nó cúramóra. Is féidir drochíde a tharlú chomh maith nuair nach dtuigeann na daoine fásta atá ag tabhairt cúram do pháistí agus nach bhfuil siad in ann (ar chúiseanna éagsúla) riachtanais mhothúchánacha agus forbarthacha a bpáistí a riar. Níl drochíde mhothúchánach furasta a aithint as siocair nach bhfuil sé furasta na hiarmhairtí a fheiceáil. Bheadh buairt réasúnta ann faoi folláine an pháiste nuair a éiríonn an iompraíocht ina gnás sa chaidreamh idir an pháiste agus an tuismitheoir nó cúramóir.
Is féidir drochíde mhothúchánach a fheiceáil i roinnt de na dóigheanna seo a leanas:	• Eiteach • Easpa sóláis agus grá • Easpa taobhaithe • Easpa spreagtha mar is ceart (m.sh. spraoi agus súgradh) • Easpa i leanúnachas cúraim (m.sh. go minic ag bogadh tí, go háirithe má bhíonn sé neamhbheartaithe) • Easpa leanúnachas ó thaobh molta agus spreagtha de • Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó lochtú an phaiste ar bhonn dianseasmhach • Tromaíocht • Tuismitheoireacht ar bhonn choinníollacha ina mbíonn cúram nó gean don pháiste ag brath ar a iompraíochtaí nó ar a ghníomhartha • Róchosaint as cuimse • Pionóis neamhcholanda mhíchuí (m.sh. páiste a chur faoi ghlas i seomra leapa) • Coimhlintí teaghlaigh agus foréigean teaghlaigh atá leanúnach

	Is cóir tabhairt faoi deara nach bhfuil aon chomhartha amháin atá ina fhianaise chruthanta ar dhrochíde mhothúchánach. Is mó an dochúlacht go mbeidh dochar ar pháiste de dheasca drochíde mothúchánaí nuair atá sí dianseasmhach thar thréimhse ama agus nuair atá easpa gnéithe eile cosanta ann.
Drochíde Cholanda	is í seo nuair a ghortaíonn duine páiste go colanda d'aon turas nó nuair a chuireann sé an páiste i riosca díobhála colanda. Féadann sé tarlú mar aon teagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas. Bíonn buairt réasúnta ann nuair a dhéantar dochar, nó nuair a fhéadtar dochar a dhéanamh, ar shláinte agus/nó ar fhorbairt an pháiste de thoradh ar dhrochíde cholanda líomhnaithe.
Is féidir na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar dhrochíde cholanda:	• Pionós colanda • Buailtí, boiseoga, buillí nó ciceanna • Brúnna, croitheadh nó caitheamh • Liomóga, plaiceanna, tachtadh nó sracadh foilt • Neart as cuimse sa láimhseáil • Nimhiú d'aon turas • Plúchadh • Tinneas cumtha/spreagtha • Ciorrú Ball Giniúna Ban Tá foráil in An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chuireann an chosaint faoin dlí coiteann ar ceal maidir le píonósú réasúnta in imeachtaí cúirte. Roimhe seo, d'fhéadfadh le tuismitheoir nó duine eile i gceanas a bhíonn ag cur smachtú colanda ar pháiste an chosaint seo a agairt.
Drochíde chollaí	tarlaíonn sí seo nuair a bhaineann duine eile úsáid as páiste faoi choinne a shásaimh nó a mhacnas féin, nó faoi choinne sásaimh daoine eile. Cuimsíonn sí an páiste a bheith rannpháirteach i gníomhartha collaí (glacaireacht, giolamas, gnéas béil nó treá) nó collaíocht a nochtadh don pháiste go bonn díreach nó trí phornagafaíocht. Is féidir le drochíde chollaí ar pháiste réimse leathan de ghníomhaíochtaí drochídeach a chuimsiú. Is annamh an t-aon teagmhas amháin i gceist léi agus i roinnt cásanna tarlaíonn sí thar roinnt blianta. Is coitianta is mó a tharlaíonn an drochíde chollaí ar pháistí sa teaghlach, ina measc sin deirfiúr nó dearthair níos sine nó duine den mhuintir.
Cuirtear san áireamh sna samplaí de dhrochíde chollaí ar pháistí na nithe seo a leanas:	• Aon chollaíocht a dhéantar d'aon turas i láthair páiste • Cuireadh le tadhall collaí a dhéanamh nó tadhall d'aon turas nó mí-úsáid a bhaint as colainn páiste bíodh sin le duine nó le réad ar mhaithe le macnas nó sásamh chollaí • Glacaireacht i láthair páiste nó rannpháirtíocht an pháiste i ngníomh glacaireachta • Caidreamh collaí le páiste, bíodh sin béil, faighne nó anasach • Dúshaothrú collaí páiste • Taispeáint ábhar do pháiste atá go follasach collaí, agus atá go minic ina sainchomhartha ar an phróiseas 'mealltóireachta' ag lucht déanta drochíde

	• Collaíocht chomhthoiliúil a bhaineann le duine fásta agus dúine faoi aois. Maidir le drochíde chollaí ar pháistí, is cóir a thabhairt faoi deara sa dlí choiriúil gurb é an aois toilithe i dtaca le caidreamh collaí, ná 17 mbliana do bhuachaillí agus do chailíní araon.

TROMAÍOCHT bíodh nach sainmhínítear tromaíocht mar chatagóir ar leith de dhrochíde páiste, aithnítear go n-imríonn tromaíocht tionchar ar shaolta líon páistí atá ag méadú agus féadann sí a bheith ina fhíor-mháthair buartha faoi fholláine páiste.

Is féidir tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaitheacht arís agus arís eile - bíodh sin ó bhéal, síceolaíoch nó colanda – a dhéanann duine aonair nó a dhéanann dream in éadan daoine eile. Is iompraíocht í gur crá agus bagairt d'aon turas í agus tarlaíonn sí go príomha i measc páistí i dtimpeallachtaí sóisialta, amhail ar scoil.

Cuimsíonn sí iompraíochtaí amhail ionsaithe colanda, cibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeaglú, aonrú/eisiamh, baisteachán, cúlchaint mhailíseach agus fáisceadh. Is féidir tromaíocht a bheith i gcruth drochíde bunaithe ar na nithe a bhaineann le féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, cine, eitneach agus creideamh. Le dul chun cinn na nuatheicneolaíochta, is féidir le páistí a bheith ina n-íospartaigh den tromaíocht neamhthadhlach, trí na gutháin phóca, an idirlíon agus trí ghairis eile phearsanta.

Bíodh is go bhféadann tromaíocht a tharlú do pháiste ar bith, is féidir le roinnt acu a bheith níos leochailí arís. Áirítear ina measc sin: páistí faoi mhíchumas agus páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu; páistí ó mhionlaigh eitneacha agus grúpaí imirceacha; páistí ón lucht siúil; páistí LADTA+ agus iad siúd atá braite mar LADTA+; agus páistí ó chreidimh mhionlacha.

Páistí agus Daoine Óga a bhfuil na Leochaileachtaí Méadaithe orthu

Féadann páistí agus daoine óga ó aon chúlra, is cuma cén leibhéal cumais atá acu, an drochíde a fhulaingt. Tá roinnt páistí agus daoine óga, áfach a bhfuil leochaileacht méadaithe acu mar gheall ar chúinsí ar leith:

- Páistí/Daoine Óga atá faoi chúram;
- Páistí/Daoine Óga ar iarraidh
- Daoine Óga i gCóiríocht le Tacaíocht;
- Daoine Óga gan Dídean;
- Páistí/Daoine Óga ar altram príobháideach;
- Foréigean agus Drochíde sa Bhaile;
- Páistí/Daoine Óga taobh istigh de na pobail Ghorma, Áiseacha agus Mhionlaigh Eitneacha;
- Páistí/Daoine Óga ar le Tuismitheoiri a bhfuil Riachtanais Tacaíochta Breise acu iad;
- Páistí agus Daoine Óga atá Scartha, Neamhthionlactha agus Gáinneáilte;
- Páistí/Daoine Óga atá faoi mhíchumas;
- Páistí/Daoine Óga Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha nó Trasinscneacha*, Aiteacha/Ceisteacha (LADTA).

Bíonn riosca méadaithe ag na páistí agus na daoine óga seo as siocair go bhféadann leochaileacht atá níos mó agus atá cruthaithe a bheith curtha orthu. Seo de dheasca luachanna, dearcaí agus buntuairimí diúltacha sa tsochaí agus de dheasca leithcheala agus rochtain neamhionann ar sheirbhísí agus ar áiseanna. Beidh cruth a leochaileachta uathúil i gcás gach páiste/duine óig. Is féidir go mbeidh riachtanais sa bhreis acusan ó thaobh laguithe colanda, céadfacha, cognaíocha agus/nó cumarsáide de.

Féadtar buntuairimí ginearálta a chruthú faoi na páistí agus na daoine óga seo ar féidir leo, mar bhuntuairimí, an leochaileacht roimh na díobhála a mhéadú, amhail buntuairim faoi iompraíochtaí áirithe a bhíonn léirithe as siocair dhálaí nó fhéiniúlacht an duine, seachas aon drochíde a bheith á fulaingt aige. Má tá na baill foirne a thacaíonn le páistí agus daoine óga ar bheagán eolais nó gan eolas ar bith faoi na leochaileachtaí méadaithe, féadann sé seo bacanna a mhéadú ar aithint na drochíde. Tá sé tábhachtach go gcaitheann na bail foirne le gach páiste/duine óg mar dhuine aonair ann féin agus go n-aithníonn siad gur féidir an rud a bhraitear mar dhrochiompraíocht in amanna a bheith ina tháscaire den drochíde.

Drochíde tugtha do Dhaoine Fásta

Is féidir an drochíde a thugtar do dhaoine fásta a shainmhíniú mar seo a leanas:

> *"aon ghníomh, nó aon mhainneachtain ghnímh, a bhfuil sé de thoradh air ná: cearta an duine, saoirsí sibhialta, slánchúis cholanda agus mheabhrach, dínit nó gnáthfholláine atá ag duine a shárú, bíodh sin d'aon turas nó trí fhaillí, lena n-áirítear caidreamh collaí nó idirbhearta airgeadais nach dtugann an duine toilliú chuige nó nach féidir leis-sean a thabhairt go bailí, nó atá dúshaothraithe d'aon turas. Is iomaí cruth a fhéadann a bheith ar an drochíde."*
>
> *The National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities*.
> An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). Baile Átha Cliath, 2013

Féadtar drochíde do dhaoine fásta a bheith ina haon ghníomh amháin nó ina hathghníomhartha thar thréimhse ama. Is féidir
foirm amháin nó ilfhoirmeacha de dhrochíde a bheith i gceist. Is féidir gur cineál drochíde é an easpa gnímh iomchuí. Féadann an drochíde tarlú i gcomhchaidreamh ina bhfuil ionchas muiníne, agus an drochíde á dhéanamh ag duine a sháraíonn an mhuinín sin. Féadann an drochíde a bheith déanta ag duine a bhfuil tionchar aige thar shaolta daoine leochaileacha, bíodh sé ina chúramóir foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, nó ina dhuine den teaghlach nó eile. Féadann sé tarlú taobh amuigh dá leithéid de chomhchaidreamh.

Tá sé ríthábhachtach go n-aithnítear an ceart atá ag daoine leochaileacha an gnáthshaol a chaitheamh leo a oiread agus is féidir, agus féadann díth ar na cearta seo a leanas go háirithe a bheith mar dhrochíde:

- Saoirse;
- Príobháideachas;
- Meas agus dínit;
- Saoirse le roghnú;
- Deiseanna le hardaidhmeanna pearsanta a chomhlíonadh agus barr a gcumais a bhaint amach ina saolta;
- An deis le maireachtáil go sábhailte gan eagla roimh dhrochíde faoi chruth ar bith;
- Meas do mhaoin.

In Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse: National Policy & Procedure (2014), sainmhínítear 7 bpríomhchatagóir drochíde a fhéadann daoine fásta a fhulaingt:

Drochíde Cholanda	lena n-áirítear buillí, boiseoga, brúnna, ciceanna, mí-úsáid leighis, srianadh nó ceadú míchuí.
Drochíde chollaí	lena n-áirítear éigniú agus ionsaí gnéasach, nó gníomhartha collaíochta nach dtoilíonn an duine

	leochaileach ina dtaobh, nó nach féidir leis toiliú, nó iallach curtha air toiliú ina dtaobh.
Drochíde shíceolaíoch	lena n-áirítear drochíde mhothúcháin, bagairtí díobhála nó tréigin, díth teagmhála, uirísliú, lochtú, smachtú, imeaglú, comhéigean, ciapadh, íde béil, aonrú nó aistarraignt ó sheirbhísí nó gréasáin tacaíochta.
Drochíde airgeadais nó ábhartha	lena n-áirítear goid, calaois, dúshaothrú, brú i dtaca le huachtanna, réadmhaoin, oidhreacht nó idirbhearta airgeadais, nó mí-úsáid nó míleithreasú maoinithe, sealúchais nó leasanna.
Faillí nó neamhghníomhartha	lena n-áirítear neamhaird a thabhairt ar riachtanais cúraim leighis nó cholanda, mainneachtain an rochtain a chur ar fáil ar na seirbhísí sláinte, cúraim sláinte nó oideachais, coinneáil siar na rudaí saolta riachtanacha amhail cógas, cothú agus teas dóthanach.
Drochíde leithchealach	lena n-áirítear aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, í sin atá bunaithe ar mhíchumas duine, agus foirmeacha eile de chiapadh, maslaí nó íde chomhchosúil.
Drochíde institiúideach	féadann sí seo tarlú i gcúram cónaithe agus i suímh ghéarchúraim lena n-áirítear tithe altranais, otharlanna géarmhíochaine agus aon suímh eile d'othair chónaitheacha, gnáthaimh dhiana agus freagairtí uireasacha ar riachtanais casta.

Tá na nithe seo a leanas de cheart ag daoine fásta a éiríonn leochaileach:

- an meas agus an dínit chéanna a bheith tugtha dóibh agus a thugtar d'aon duine fásta eile, trí aitheantas a thabhairt dá n-uathúlacht agus dá riachtanais phearsanta;
- an t-eolas agus an fhaisnéis a bheith tugtha dóibh ar dhóigh ar féidir leo a thuiscint chun cuidiú leo roghanna feasacha a ghlacadh;
- an t-eolas agus an cuidiú praiticiúil a bheith curtha ar fáil dóibh faoin dóigh le hiad féin a choinneáil sábhailte agus iad féin a chosaint ó dhrochíde;
- maireachtáil go sábhailte gan eagla roimh dhrochíde faoi chruth ar bith;
- an meas a bheith léirithe ar a gcuid airgid, earraí agus sealúchais, agus an chosaint chomhionann a fháil dóibh féin agus dá gcuid maoine faoin dlí;
- treoir agus cabhair a bheith tugtha dóibh i lorg cuidithe as siocair na drochíde;
- tacaíocht a fháil i dtaca lena gcinnteoireacht féin ar an dóigh ar mian leo dul ar aghaidh i gcás drochíde agus an t-eolas acu go measfar gur fíorthábhachtach iad a gcuid mianta ach amháin go measfar, ar mhaithe lena sábháilteacht féin nó sábháilteacht daoine eile, cur chuige eile a ghlacadh, nó más gá sin de réir an dlí;
- tacaíocht a fháil agus iad ag cur gearáin chun tosaigh;
- fiosrúcháin a fháil atá pras agus iomchuí ar chásanna drochíde, bíodh siad líomhnaithe, amhrasta nó deimhnithe;
- tacaíocht, oideachas agus comhairleoireacht a fháil i ndiaidh na drochíde;
- sásamh a lorg trí na gníomhaireachtaí cuí.

Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse: National Policy & Procedures

Aguisín 3: TUAIRISC AR THEAGMHAS CUMHDAIGH

Uiscebhealaí Éireann
Tuairisc ar Theagmhas Cumhdaigh

Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur anonn chuig do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe taobh istigh de 24 uair an chloig de tharlúint an theagmhais nó d'ardú an bhuartha)

Má tá an duine i ngarbhaol díobhála, is cóir duit an teagmhas a chur go díreach ar aghaidh chuig na péas nó chuig na seirbhísí sóisialta gan mhoill.

Mír 1a: Do Mhionsonraí	
Ainm	
Ról	
An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe	

Mír 1b: Mionsonraí an Duine atá i mBaol (Comhlánaigh é seo an méid agus is eol duit)	
Páiste/Duine Óg □	**Duine Fásta** □
Sloinne: **Céadainm:**	**An t-ainm a thugtar ar an duine:**
Seoladh: **Cód Poist:**	**Inscne** ☐ Fireann ☐ Baineann ☐ Eile: _____
Uimhir ghutháin:	**Guthán póca:**
Dáta Breithe:	**Teanga an duine:**

An bhfuil an duine faoi mhíchumas?	**Má tá, Cén Míchumas:** (& foinse an fháthmheasa)	**Riachtanais Speisialta Eile:**

Mír 1c: Mionsonraí an Tuismitheora/Chaomhnóra/Chúramóra	
Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra/Chúramóra	
Eolas Teagmhála	

Ar cuireadh na tuismitheoirí/caomhnóir/cúramóirí ar an eolas faoin teagmhas/bhuairt seo? Cuireadh □ Níor cuireadh □

Má d'fhreagair tú CUIREADH, iarrtar ort a mhionsonrú cad é a dúradh/cén gníomh a comhaontaíodh:

Má d'fhreagair tú NÍOR CUIREADH, iarrtar ort a mhionsonrú cén fáth:

Mír 2: Mionsonraí faoin Teaghmas/Bhuairt	
BUAIRT □	**TEAGMHAS** □

An bhfuil duine nó daoine dóibh siúd a leanas bainteach leis an Bhuairt/Teagmhas:

Baill Foirne □ An Pobal i gCoitinne □ Múinteoir/Ceannasaí Grúpa □

MIONSONRAÍ FAOIN TEAGMHAS NÓ FAOI NA BUARTHAÍ:

Cad é an rud atá ag déanamh buartha duit? **Cén duine/daoine** atá ag déanamh buartha duit? **Cá háit** ar tharla an teagmhas/an bhuairt? **Cá huair** (dáta agus am an teagmhais)? An raibh finnéithe ar bith ann? (*Lean ort ar leathanach eile más gá*)

Cuntas an Duine Féin ar an Teagmhas: *Más taifead é seo ar nochtadh faisnéise a rinne duine ó bhéal, scríobh na focail a d'úsáid an duine féin.*

Iarrtar ort mionsonraí a thabhairt ar aon duine a bhí bainteach sa teagmhas seo nó a bhfuil líomhain ina leith gur údar an teagmhais/an ghortaithe é:

Ar Thug Tú Tuairisc Ar An Teagmhas Do Ghníomhaireacht Sheachtrach? Thug □ Níor thug □

Má d'fhreagair tú THUG, iarrtar ort a mhionsonrú cad é a dúradh/cén gníomh a comhaontaíodh:

Ainm i bPrionta			
Dáta		**Síniú**	

Mír 3: Le Comhlánú ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

Dearbhaím go bhfuair mé an fhoirm seo ar: _____

Dearbhaím gur bhreithmheas mé an t-eolas ar an fhoirm seo taobh istigh de 24 uair an chloig i ndiaidh dom í a fháil agus tá sé beartaithe agam an gníomh seo a leanas a dhéanamh:

□ Atreorú láithreach bonn tríd an ghuthán chuig an Fhoireann Tairsí/Seirbhís Réigiúnach um Obair Shóisialta Éigeandála/SPTÉ/Otharcharr.

□ Teagmháil a dhéanamh le Gníomhaireachtaí Seachtracha le haghaidh comhairle/eolais

□ Atreorú chuig an Fhoireann Tairisí i scríbhinn. **CUIMHNIGH** tá sé tábhachtach toiliú a fháil le haghaidh aon atreoraithe chuig na Seirbhísí do Dhaoine Fásta má tá cumas ag an duine.

□ Teagmháil a dhéanamh leis an ghníomhaireacht sheachtrach le seiceáil a dhéanamh ar an t-atreorú a rinne an ball foirne/saorálaí

□ Gan aon ghníomh breise a dhéanamh

Iarrtar ort míniúchán a thabhairt ar do chinneadh, agus má chuaigh tú i dteagmháil le gníomhaireacht sheachtrach ar chúis ar bith, iarrtar ort a mhionsonrú cén ghníomhaireacht agus cad é a dúradh/cén gníomh a comhaontaíodh:

(lean ort ar leathanach eile más gá)

Síniú an DIA: **Dáta:**

Cibé cinneadh a rinne tú, IS GÁ duit:

1. **Taifead a dhéanamh i scríbhinn ar gach gníomh a bhí déanta, na fáthanna taobh thiar dóibh siúd, agus cé a rinne na gníomhartha.**
2. **Caschomhad Cumhdaigh a thosú (le coinneáil de réir na dtreorlínte ar chosaint sonraí)**
3. **Taifead iomlán a choinneáil ar na gníomhartha agus ar na cinntí ar fad**
4. **Cinnte a dhéanamh de go bhfuil tréadchúram ar fáil don fhoireann/oibrí deonach mar is cuí**

Tuilleadh Torthaí/Gníomhartha *(ceangail leathanaigh sa bhreis más gá)*

Aguisín 4: MEASÚNAITHE RIOSCA AR SHLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

- Glacann Uiscebhealaí Éireann an sláinte, an tsábháilteacht agus an fholláine san obair mar luach croí-lárnach agus tá muid tiomanta d'áit oibre atá sábháilte a chruthú agus do chleachtais oibríochta atá níos sábháilte a chur ar fáil do gach fostaí, gach úsáideoir uisce agus don phobal i gcoitinne.
- Tá nós imeachta éifeachtach i bhfeidhm ag an eagras le rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú maidir le cumhdach ar ghrúpaí leochaileacha a mbíonn teagmháil againn leo le linn ár gcuid gníomhaíochtaí agus oibre. Ní mór measúnuithe riosca a dhéanamh agus na rioscaí a aithint agus a mheas roimh aon ghníomhaíocht don obair ina mbeidh páiste nó duine fásta leochaileach páirteach. Tá treoir ceangailte in Aguisín 5 ar an dóigh le measúnuithe cuí riosca a dhéanamh.

- Ní mór do gach ball foirne a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta éigeandála agus trealamh cuí slándála in áit roimh ghníomh oibre ina mbeidh páiste nó duine fásta leochaileach páirteach.

Aguisín 5: TREOIR AR AN DÓIGH LE MEASÚNUITHE CUÍ RIOSCA A DHÉANAMH

Tá nós imeachta éifeachtach i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann le rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú maidir le páistí agus daoine fásta leochaileacha.

Critéir:

- Déantar measúnú riosca le rioscaí do pháistí agus do dhaoine fásta leochaileacha a aithint agus a mheas.
- Bíonn na rioscaí aitheanta á mbainistiú trí bhearta maolaithe riosca a chur i bhfeidhm.
- Déantar na rioscaí aitheanta agus na 'bearta maolaithe riosca' ar fad a thaifeadadh agus a athbhreithniú ar bhonn cáis agus sin ag brath ar an achar ama a bheas an páiste nó an duine leochaileach istigh le hUiscebhealaí Éireann.
- Aithníonn Uiscebhealaí Éireann go bhfuil an ceart ag daoine fásta leochaileacha go háirithe, rioscaí a ghlacadh agus is cóir cuidiú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh le hiad a chur ar a gcumas na rioscaí iarbhír agus féideartha dóibh féin agus do dhaoine eile a aithint agus a bhainistiú.
- Tá nós imeachta le haghaidh Sláinte is Sábháilteachta i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann faoi choinne tuairisciú, taifeadadh agus breithmheas ar thimpistí, teagmhais agus neastimpistí, agus is cóir iad seo eolas a dhéanamh don chleachtas, don mheasúnú riosca agus do na Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha. Bíodh na nósanna imeachta le haghaidh Sláinte is Sábháilteachta agus na Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha atá i bhfeidhm, bíodh siad ina gcuidiú, agus go ndéanfaidh siad eolas don mheasúnú riosca agus don nós imeachta bainistíochta iomláine do pháistí agus do dhaoine fásta san áit oibre.

Na prionsabail a bhaineann le bheith ag obair agus riosca ann:

- Is é is aidhm don mheasúnú agus don bhainistiú riosca, ná saoirse, fíor-roghanna agus cuimsiú sóisialta na bpáistí agus na ndaoine fásta leochaileacha a chur chun cinn.
- Athraíonn rioscaí de réir mar a athraíonn na dálaí.

- Is féidir rioscaí a íoslaghdú ach ní féidir iad a dhíothú.
- In amanna, beidh an t-eolas a bhaineann le páistí agus daoine fásta leochaileacha, gníomhaíochtaí agus dálaí, beidh sé easnamhach agus thiocfadh dó a bheith míchruinn.
- In éineacht le haithint riosca, tagann dualgas le rud éigin a dhéanamh faoi, .i. measúnú riosca.
- Bíonn rannpháirteachas daoine fásta leochaileacha agus cleachtóirí ó réimse seirbhísí agus eagrais ina chuidiú le feabhas a chur ar chaighdeán na measúnuithe riosca agus na cinnteoireachta.
- Is é is cinneadh 'inchosanta' ann iad siúd atá bunaithe ar réasúnaíocht fhollasach.
- Is féidir gach duine a bheith rannpháirteach leis an dul i riosca, agus iad ag obair as láimh a chéile le torthaí dearfacha a bhaint amach.
- Is ceart é an rúndacht, ach ní dearbhcheart í agus féadtar í a shárú faoi imthosca eisceachtúla nuair a mheastar daoine i dtrombhaol díobhála nó más ar leas an phobail é.
- Is cóir íogaireacht a léiriú ar thaithí na ndaoine a bhfuil tionchar ag aon cheann de na rioscaí seo a bhí glactha acu agus teagmhas i ndiaidh tarlúint.

Próiseas an Mheasúnaithe Riosca
Is é atá i gceist le próiseas an mheasúnaithe riosca:
- Na rioscaí a aithint; agus
- Leibhéal na rioscaí a thomhais trí bhreithmheas ar a dtionchar féideartha agus ar dhóchúlacht a dtarlaithe.

Roghanna i dtaca le Bainistiú Riosca:
I dtaca le soláthar gnímh/seirbhíse, is féidir riosca aitheanta a bhainistiú ar roinnt dóigheanna. Is féidir é a sheachaint, a smachtú, a mhaoiniú, a aistriú nó glacadh leis.

- An riosca a sheachaint
  Mura féidir an riosca a laghdú go sásúil trí bhealaí eile, féadann tú cinneadh gan dul i mbun gníomhaíocht áirithe nó gan seirbhís ar leith a chur ar fáil.
- An riosca a smachtú
  Is é atá i gceist le smachtú riosca, bearta a chur i bhfeidhm leis an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas díobhála a laghdú, mar aon leis an tionchar a imríonn a leithéid de theagmhas, a laghdú a oiread agus is féidir. Baineann sé seo le beartais chleachtas nach mór cloí leo a aithint mar aon le hoiliúint leis an riosca agus leis an díobháil a laghdú.
- An riosca a mhaoiniú
  Tá sé tábhachtach na hacmhainní a chur ar fáil leis na dliteanais a bhíonn cruthaithe ag na riosca a riar nuair atá siad aitheanta.
- An riosca a aistriú
  De ghnáth, tarlaíonn sé seo nuair a mheastar go bhfuil sé níos fóirsteanaí an ghníomhaíocht a bheith déanta ag triú páirtí sa dóigh is go mbeidh an riosca aistrithe chucusan.
- Glacadh leis an riosca
  Seasamh leis an riosca; b'fhéidir as siocair nach féidir aon ghníomh réasúnta a ghlacadh lena mhaolú nó le dóchúlacht a tharlaithe a mhaolú, agus as siocair go bhfuil an tionchar ag leibhéal íseal atá inghlactha. I rith an ama, beidh an aird chuí ar na torthaí dearfacha do na daoine fásta leochaileacha ar féidir leo tairbhe a bhaint as dul i riosca ar bhonn dearfach.

Aguisín 6: TEIMPLÉAD LE HAGHAIGH MEASÚNÚ RIOSCA AR CHUMHDACH

	An riosca aitheanta	**Rangú** *(Ard, /Meán, / Íseal)*	**An nós imeachta atá i bhfeidhm leis an riosca a bhainistiú**
1			
2			
3			
4			
5			
6			
7			
8			
9			
10			

Aguisín 7: FOIRM TOILITHE I DTACA LE GRIANGHRAFADÓIREACHT AGUS SCANNÁNÚ

Ainm an Eagrais: *Le bheith comhlánaithe ag an eagras*	

De réir ár mBeartais le haghaidh Daoine a Chumhdach in Éireann, ní thoileoidh muid glacadh grianghraf, físeán nó íomhánna eile de dhaoine óga gan toiliú ón pháiste nó ón tuismitheoir má tá an páiste faoi bhun 16 bliana d'aois.

Glacfaidh Uiscebhealaí Éireann gach céim le cinntiú nach mbaintear úsáid as na híomhánna seo ach amháin chun na críocha a cheaptar. Má thagann tú ar eolas go bhfuil na híomhánna seo á n-úsáid ar dhóigh mhíchuí is cóir duit Uiscebhealaí a chur ar an eolas láithreach bonn.

Eolas toilithe:	
Le bheith comhlánaithe ag an pháiste: ☐ Tugaim cead gur féidir mo ghrianghraf a úsáid ar mhaithe le taispeántais ☐ Tugaim cead gur féidir mo ghrianghraf a úsáid taobh istigh d'fhoilseacháin eile chlóite ☐ Tugaim cead gur féidir mo ghrianghraf a úsáid ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir físeáin ina bhfuil mé a úsáid ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir mo ghrianghraf a úsáid ar leathanaigh mheán sóisialta de chuid Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir físeáin ina bhfuil mé a úsáid ar leathanaigh mheán sóisialta de chuid Uiscebhealaí	
Síniú an pháiste:	**Ainm an pháiste i bprionta:**
Dáta:	

Má tá an páiste faoi bhun 16 bliana d'aois, ní mór toiliú a fháil ó thuismitheoirí.

Más os cionn 16 atá sé, is dea-chleachtas go fóill é na tuismitheoirí a chuir ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh grianghraif/físeáin dá bpáiste in úsáid má tá an toiliú tugtha ag an pháiste.

Le bheith comhlánaithe ag an tuismitheoir: ☐ Tugaim cead gur féidir grianghraf de mo pháiste a úsáid ar mhaithe le taispeántais ☐ Tugaim cead gur féidir grianghraf de mo pháiste a úsáid taobh istigh d'fhoilseacháin eile chlóite ☐ Tugaim cead gur féidir grianghraf de mo pháiste a úsáid ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir físeán a dhéanamh de mo pháiste le húsáid ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir grianghraf de mo pháiste a úsáid ar leathanaigh mheán sóisialta de chuid Uiscebhealaí ☐ Tugaim cead gur féidir físeán a dhéanamh de mo pháiste le húsáid ar leathanaigh mheán sóisialta de chuid Uiscebhealaí ☐ Dearbhaím gur léigh mé, nó gur cuireadh in iúl dom faoin dóigh a gcuirfear na híomhánna nó na físeáin seo i dtaisce taobh istigh den eagras.	
Síniú an tuismitheora:	**Ainm an tuismitheora i bprionta:**
Dáta:	

Is dea-chleachtas é chomh maith aontú ar cé atá freagrach as na híomhánna/físeáin a choinneáil. Faigh soiléiriú ar:

- **Cé atá freagrach,**
- **Cá háit a mbeidh siad i dtaisce,**
- **Cé chomh fada,**
- **Cé atá freagrach as an ábhar a scrios i ndiaidh dó a chúram a dhéanamh?**

Aguisín 8: TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	Suíomh gréasáin: www.tusla.ie Guthán: 01 7718500 Ríomhphost: info@tusla.ie

An Garda Síochána - I gcás éigeandála, iarrtar ort dul i dteagmháil leis an Gharda Síochána as siocair nach bhfeidhmíonn Tusla ach amháin le linn na ngnáthuaireanta oifige amháin.

Éigeandáil	999
Neamh-Éigeandáil/Gnáth-Fhiosruithe	112

Is cóir duit an tseirbhís seo a úsáid má tá coir nó teagmhas ar siúl anois nó má tá aon duine i ngarbhaol.

Foirne um Chumhdach agus Cosaint de chuid an FSS

Líne Eolais an FSS ar 1850 24 1850. Bíonn líne eolais an FSS ar oscailt ar an Luain go dtí an Satharn, ó 8.00 ar maidin go 8.00 tráthnóna.	
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 9	Uas Anne O'Loughlin, Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 20 Guthán: 01 6250447 Ríomhphost: Safeguarding.cho9@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 8	Ionad Cúraim Phríomhúil Chill Dhéagláin, Sráid Dhéagláin, Cill Dhéagláin, Co. na Mí, Guthán: 01 6914632
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 7	Uas Siobhan Nunn, Teach na Feá, 101-102 Páirc Gnó an Náis, An Nás, Co. Chill Dara Guthán: 045981810 Ríomhphost: Safeguarding.CHO7@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 6	Uas Tony McCusker, Ionad Sláinte Bhaile an tSaoir, Ascaill Baile an tSaoir, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16. Guthán: 01 2164511 Ríomhphost: Safeguarding.cho6@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 5	Uas Maura Seabrooke, Oifigí an FSS, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Leacain, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh Guthán: 056-7784325 Ríomhphost: Safeguarding.cho5@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 4	Uas Kathleen O'Mahony, Ospidéal Naomh Fionnbarra, Bóthar Dhúglais, Corcaigh Guthán: 021 4923967 Ríomhphost: Safeguarding.cho4@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 3	Uas Maggie McNally, Ionad Sláinte Thigh Eoin, Tigh Eoin, An tAonach, Co. Thiobraid Árann Guthán: 067 46470 Ríomhphost: Safeguarding.cho3@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 2	Uas Pauline Levins, Lá Nua, An Baile Bán, Bóthar Pháirc an Chaisleáin, Gaillimh Guthán: 091 748488 Ríomhphost: Safeguarding.cho2@hse.ie
Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an FSS - Ceantar 1	Uas Donna Carroll, Oifig an FSS, Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail Ceantar 1, Campas Sláinte Bhaile Bhéal Átha Seanaidh, An Clochar, Baile Bhéal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall. Guthán: 071-9834660 Ríomhphost: Safeguarding.cho1@hse.ie

Gníomhaireachtaí tacaíochta eile:

Barnardos www.barnardo.ie	**Children's Rights Alliance** www.childrensrights.ie
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-children-equality-disability-integration-and-youth/	**Parentline** 1 890 927277 www.parentline.ie
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte www.hse.ie	**Líne Cabhrach Women's Aid** 1 800 341900 www.womensaid.ie
Rialtas na hÉireann www.gov.ie	**The Samaritans** 1 850 609090 www.samaritans.org
Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) www.ispcc.ie	**ChildLine** 1 800 666 666 www.childline.ie
Luath-óige Éireann www.earlychildhoodireland.ie	**Ionad Eolais do Shaoránaigh** www.citizensinformation.ie
Dublin Rape Crisis Centre (Náisiúnta) 1 800 778888 **Galway Rape Crisis Centre** **01800 355355** (An Luan go dtí an Aoine 10 am – 1pm agus 3pm – 5.30pm)	**One in Four** Tacaíonn siad le fir agus mná a d'fhulaing foréigean collaí, roinnt mhaith acu le linn a n-óige. 01 662 4070 www.oneinfour.ie